Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Office of the Director of Public Prosecutions

# Tuarascáil Bhliantúil 2013

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ,
Bóthar na hOtharlainne,
Baile Átha Cliath 7.

Tel: + 353 1 858 8500
Fax: + 353 1 642 7406
Web: www.dppireland.ie

An Príomh-Aturnae Ionchúisimh,
90 Sráid an Rí Thuaidh,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7

Tel: +353 1 858 8500
Fax: +353 1 642 7406
Web: www.dppireland.ie

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 2014

# CLÁR

Réamhrá ..... 4

CUID 1: OBAIR GHINEARÁLTA NA HOIFIGE ..... 7

1.1 Obair Ghinearálta na hOifige ..... 8

1.2 Creat an Phróisis Ionchúiseamh Choiriúil ..... 9

1.3 Struchtúr na hEagraíochta ..... 10

CUID 2: SÚIL SIAR AR AN 2013 ..... 11

2.1 Súil Siar ar an 2013 ..... 12

2.2 Caiteachas na hOifige ..... 18

2.3 Sliocht as an gCuntas Leithreasa ..... 21

2.4 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 ..... 22

2.5 Saoráil Faisnéise ..... 23

2.6 Tuarascáil Bhliantúil Maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2013 ..... 24

2.7 Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ..... 25

CUID 3: CORA NUA I GCÚRSAÍ DLÍ ..... 27

3.1 Cora Nua i gCúrsaí Dlí 2013 ..... 28

CUID 4: STAITISTICÍ ..... 38

4.1 Comhaid Ionchúisimh a Fuarthas ..... 40

4.2 Torthaí na gCásanna arna n-Ionchúiseamh ar Díotáil ..... 48

4.3 Iarratais Chuig na Cúirteanna ..... 59

4.4 Iarrataí ar Eiseachadadh ..... 64

4.5 Cúnamh Dlí Frithpháirteach ..... 65

AGUISÍN 1: Bileog maidir le Ráiteas Tionchair Íospartaigh a Dhéanamh ..... 66

# RÉAMHRÁ



Is cúis athais dom an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2013 a chur i láthair.

Mar atá leagtha amach i gcaibidil 4, tháinig laghdú ar an líon foriomlán comhad ionchúisimh a cuireadh faoi bhráid m'Oifige i rith na bliana 2013. Bhain an laghdú sin go páirteach le cásanna achoimre maidir le cionta a ndéantar ionchúiseamh ina leith sa Chúirt Dúiche. Is ceart an laghdú a bhreithniú i gcomhthéacs na teorann laghdaithe foirne a leag an Rialtas síos agus an mhéadaithe ar chastacht agus ar líon na gcomhad a tíolacadh i ndáil le cionta de chineál níos tromchúisí. I roinnt cuid de na cásanna sin, bíonn gá le cuid mhór acmhainní a úsáid ina leith. Go deimhin, bhí roinnt trialacha fada ann sa bhliain 2013, ar bhain cuid acu le calaois agus le coireacht bhóna bháin agus ar trialacha costasacha iad i dtaca le táillí abhcóide agus acmhainní foirne araon. Leanfaidh an treocht sin ar aghaidh amach anseo agus is dócha go mbeidh roinnt trialacha an-fhada ann sna blianta atá romhainn maidir le nithe atá os comhair na gcúirteanna faoi lathair.

Ach, de réir na bhfigiúirí don chéad leath den bhliain 2014, léirítear méadú thart ar 6% i dtaca leis an líon comhad atá faighte le haghaidh treoracha maidir le hionchúiseamh. Sin an chéad mhéadú ar an líon comhad den sórt sin ón mbliain 2011 nuair a taifeadadh an líon ba mhó riamh. Ní fios fós an leanfaidh an treocht seo ar aghaidh sa chuid eile den bhliain.

Is féidir brú a bheith ar ár mbuiséad mar thoradh ar chostais a dhámhtar i gcoinne na hOifige seo. De ghnáth, tarlaíonn sé sin i gcásanna Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh agus d'fhéadfadh sé tarlú freisin más rud é go leanann éigiontú as cás ar díotáil. Sa bhliain 2013, leanamar de shábháil airgid a bhaint amach trí bheartas daingean socraithe costas a oibriú. Ba é a bhí sa tsuim iomlán a caitheadh ar chostais dhlíthiúla sa bhliain 2013 ná €2.4 milliún, rud a d'fhág go raibh na leibhéil chaiteachais beagnach ar ais ag na leibhéil a bhí ann sa bhliain 2011. Cé gur bhliain eisceachtúil í an bhliain 2012 a raibh trí chás an-chostasach ann lena linn, bíonn riosca ann i gcónaí go ndéanfar suimeanna suntasacha costas a dhámhadh ina coinne.

Ba é a bhí san fhorbairt ba shuntasaí a tharla i rith na bliana agus a fhearann ar obair na hOifige amach anseo ná an leasú Bunreachta trína mbunaítear Cúirt nua Achomhairc a rith le reifreann. Is forbairt thar a bheith tábhachtach í sin i stair na gcúirteanna sa Stát seo.

Cuirtear fáilte freisin roimhe sin ag féachaint don riaráiste achomharc coiriúil. Measann an Oifig, fiú amháin má shuíonn an Chúirt nua Achomhairc a bheag nó a mhór ar bhonn buan chun déileáil le hachomhairc choiriúla, go dtógfaidh sé tréimhse shuntasach ama chun na cásanna go léir a bhfuil éisteacht ar feitheamh maidir leo faoi láthair a chur de láimh. Ina measc sin, áirítear achomhairc i gcoinne ciontaithe agus déine pianbhreithe agus athbhreithnithe pianbhreithe ag lucht an ionchúisimh. Ina theannta sin, beidh cineálacha eile achomhairc san áireamh i ndlínse na cúirte nua, ar achomhairc iad ar dhéileáil an Chúirt Uachtarach leo roimhe seo. Is é a bheidh in éifeacht an méid sin ná laghdú a dhéanamh ar an am ó thagann cásanna isteach go dtí go n-éistítear iad sa Chúirt Uachtarach agus cuirtear fáilte roimhe sin.

Tuigim go bhfuil sé beartaithe ag an Rialtas go mbeidh an Chúirt nua seo i ngníomh faoi mhí Dheireadh Fómhair i mbliana. Tá an Oifig seo tiomanta i leith tacú leis an tionscnamh nua seo. Go dtí cibé uair a bheidh an Chúirt i ngníomh, is deacair a bheith cinnte faoin leibhéal acmhainní a bheidh ag teastáil ó thaobh fhoireann an lucht ionchúisimh de. Ach má tá an rannán coiriúil

le suí ar bhonn níos rialta ná mar a shuíonn an Chúirt Achomhairc Choiriúil faoi láthair, is léir gur cinnte go mbeidh gá déileáil le cúrsaí acmhainní.

Is mian liom tagairt shonrach a dhéanamh do dhá thionscnamh eile ar cuireadh tús leo sa bhliain 2013. Maidir le Meabhráin Tuisceana a rinneadh le gníomhaireachtaí éagsúla a sholáthraíonn seirbhísí comhairle agus seirbhísí eile d'íospartaigh, tá siad ag feidhmiú go maith. Tá sruthlíniú déanta dá mbarr ar an bpróiseas a bhaineann le taifid chomhairleoireachta agus taifid eile a lorg i ndáil le nochtadh i gcásanna coiriúla. Is ionann sin is a rá go ndéantar saincheisteanna maidir le nochtadh sa chuid is mó cásanna a shainaithint ag céim níos luaithe agus go bhfuil laghdú déanta ar mhoilleanna lena ngabhann suaitheadh don ghearánach. Is cúis áthais dom a rá go bhfuil an Oifig i mbun caibidlíochtaí dearfacha le gníomhaireachtaí eile faoi láthair. Tá mé dóchasach, dá bhrí sin, gur féidir tuiscint níos fearr a chur chun cinn, rud a rachaidh chun tairbhe do na páirtithe go léir atá ag obair laistigh den chóras ceartais choiriúil.

Tá na nósanna imeachta réamhthrialach a tugadh isteach sa bhliain 2013 ag feidhmiú go maith freisin. I mBaile Átha Cliath, éisteacht réamhthrialach atá i gceist. Maidir leis na héisteachtaí sin, cé nach bhfuil méadú an-suntasach ar an líon pléadálacha luatha ciontach a bhíonn ann dá mbarr, is uirlis an-éifeachtach iad i dtaca le bainistiú cásanna agus, mar thoradh uirthi, bíonn ar na páirtithe aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tamall maith roimh dháta na trialach. Ciallaíonn sé sin gurb amhlaidh, más rud é gur léir go gcoiscfidh aon saincheist ar leith an triail a sheoladh ar an dáta atá beartaithe di, gur féidir í a chur ar atráth agus triail eile a chur ina hionad chun an t-am cúirte sin a úsáid. Is é a lean as sin ná éifeachtúlachtaí suntasacha agus tá m'Oifigse tiomanta i gcónaí i leith tacú leis an tionscnamh seo.

Maidir le cóiríocht, cé nach ndearnamar ár gcuspóir i ndáil le foireann uile na hOifige a thabhairt isteach inár gceannoifig nua ar Bhóthar na hOtharlainne, in aice leis na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla a chur i gcrích fós, tá an sprioc sin á baint amach againn de réir a chéile. Beidh foireann bhreise as ár nOifig ar Shráid an Rí Thuaidh ag teacht isteach linn ar Bhóthar na hOtharlainne san fhómhar nuair a bheidh cóiríocht a bhíodh ag gníomhaireacht eile réidh lena háitiú. Tá mé dóchasach fós go mbeidh an fhoireann ar fad lonnaithe sa chóiríocht ar láithreán Bhóthar na hOtharlainne go luath sa bhliain 2015.

I rith na bliana, leanamar den scrúdú ar na himpleachtaí ó thaobh acmhainní de agus ar na himpleachtaí eile atá ann don Oifig mar thoradh ar Threoir an AE ina ndéileáiltear le híospartaigh na coireachta. Rinneadh dul chun cinn maidir leis na hullmhúcháin atá á ndéanamh againn don reachtaíocht nach mór í a rith faoi mhí na Samhna 2015. Tá idirchaidreamh ar siúl againn leis an nGarda Síochána a mbeidh ról suntasach acu freisin maidir le héifeacht a thabhairt don Treoir.

Is mian liom rud a luaigh mé i réamhrá na bliana seo caite a athrá, ar rud é a bhaineann leis na rioscaí atá ann go gcuirfidh poiblíocht réamhthrialach isteach ar cheart duine chúisithe triail chóir a fháil. Tá sé thar a bheith tábhachtach nach ndéantar aon ní a fhoilsiú ná a chraoladh maidir le himeachtaí atá ina n-ábhar do chúisimh nó maidir le nithe eile a dhéanfadh dochar do dhuine triail chóir a fháil agus as a leanfadh astu, b'fhéidir, díspeagadh cúirte nó go bhféadfadh cosantóirí argóint rathúil a chur ar aghaidh á rá go bhfuil poiblíocht de chineál a fhágann gur ceart triail a chur siar go ceann tréimhse fhada nó, fiú amháin, go ceann tréimhse éiginnte.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun a fhógairt gur éirigh le tairiscint na hOifige Comhdháil Bhliantúil agus Cruinniú Bliantúil an Chumainn Idirnáisiúnta Ionchúisitheoirí a thabhairt go hÉirinn sa bhliain 2016. Is í an chomhdháil seo, a bhfreastalaíonn tuairim is 500 ionchúisitheoir as thart ar 100 tír uirthi de ghnáth, an cruinniú idirnáisiúnta ionchúisitheoirí is suntasaí dá mbíonn ann gach bliain. Is mór an onóir dom a bheith ag feidhmiú mar óstach le linn na comhdhála seo ar lena linn a thugtar aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha i dtaca le hionchúisitheoirí de agus a chuireann dea-chleachtas chun cinn ar bhonn idirnáisiúnta.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil leis na grúpaí éagsúla atá bainteach le hoibriú seirbhíse éifeachtaí ionchúisimh. Ina measc sin, áirítear an fhoireann an-tiomanta i m'Oifig, na hAturnaetha Stáit ar fud na tíre agus an iliomad daoine de chuid lucht an Bharra a rannchuidíonn le soláthar seirbhíse ionchúisimh thar ceann Mhuintir na hÉireann.



Claire Loftus
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí,
Iúil 2014

## RÁITEAS MHISIN

Seirbhís ionchúisimh atá
neamhspleách, cóir agus éifeachtach
a chur ar fáil do Phobal na hÉireann

# CUID 1:

# OBAIR GHINEARÁLTA NA hOIFIGE

# 1.1 OBAIR GHINEARÁLTA NA hOIFIGE

**1.1.1** Is í príomhfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh phoiblí agus nithe gaolmhara coiriúla a threorú agus a mhaoirsiú.

**1.1.2** Is ón nGarda Síochána, an phríomh-ghníomhaireacht imscrúdaithe náisiúnta a fhaigheann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí formhór na gcásanna lena n-déileálann an Oifig. Mar sin féin, tarchuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta eile roinnt cásanna chuig an Oifig freisin, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, Ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Post, an tÚdarás Iomaíochta, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

**1.1.3** Tá trí rannán in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an Rannán Stiúrtha cinneadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe ag an nGarda Síochána cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis. Cuirtear in iúl sa treoir a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh. Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.

Soláthraíonn an Rannán Aturnaetha, faoi cheannaireacht an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, seirbhís aturnae chuig an Stiúrthóir in ullmhú agus i gcur i láthair cásanna i gCúirteanna Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, san Ardchúirt agus sa Chúirt Uachtarach á n-ullmhú agus á gcur i láthair. Fostaítear 32 aturnae stáit lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, ar bhonn conartha chun seirbhís aturnae a chur ar fáil sa Chúirt Chuarda agus i roinnt ábhar na Cúirte Dúiche ina gceantair áitiúla féin.

Soláthraíonn an Rannán Riaracháin seirbhísí eagraíochta, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a theastaíonn ón Oifig agus tugann sé tacaíocht freisin don Rannán Stiúrtha agus don Rannán Aturnaetha.

Faigheann na trí Rannán tacaíocht ina gcuid oibre ó:

- An tAonad Taighde agus Polasaí, a chuireann taighde dlí agus polasaí ar fáil, a dhéanann polasaithe ionchúisimh a fhorbairt agus a thugann comhairle maidir le doiciméid polasaí dlí a chuirtear faoi bhráid na hOifige lena mbreithniú.
- Cuireann Aonad na Leabharlainne seirbhísí eolais agus saineolais ar fáil don fhoireann riaracháin agus dlí.

# 1.2 CREAT AN PHRÓISIS IONCHÚISEAMH CHOIRIÚIL

**AN GARDA SÍOCHÁNA & SAINGHNÍOMHAIREACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN**

- Imscrúdaithe coiriúla neamhspleácha a sheoladh
- An chuid is mó de na hionchúisimh achoimre i ndáil le cionta nach cionta tromchúiseacha a sheoladh sa Chúirt Dúiche (faoi réir ag cumhacht an DPP treoir a thabhairt)
- Comhaid a ullmhú agus a chur faoi bhráid Rannán na nAturnaetha in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (cásanna Bhaile Átha Cliath) nó faoi bhráid an aturnae stáit áitiúil (cásanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) i leith cionta tromaí

**RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)** | **ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)**

- Ionchúisimh achoimre áirithe a sheoladh sa Chúirt Dúiche
- Comhaid imscrúdaithe a chur faoi bhráid Rannán na dTreoracha d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoracha a fháil maidir le hionchúiseamh
- Cásanna a ullmhú le haghaidh na cúirte

**RANNÁN NA dTREORACHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ**

- Scrúdaíonn comhaid a fhaightear ó Rannán na nAturnaetha agus ó aturnaetha stáit áitiúla
- Stiúraíonn tionscnamh ionchúisimh nó leanúint d'ionchúiseamh
- Ainmníonn abhcóidí chun cásanna a ionchúiseamh ar díotáil (os comhair na Cúirte Cuarda, na Príomh-Chúirte Coiriúla agus na Cúirte Coiriúla Speisialta)
- Soláthraíonn treoir leanúnach agus comhairle dhlíthiúil do Rannán na nAturnaetha agus d'aturnaetha stáit áitiúla go dtí go gcríochnaítear an cás atá á éisteacht
- Tugann comhairle don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin agus tugann treoracha maidir le cúisimh a dhéanamh

**RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)** | **ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)**

- Treoracha ó Rannán na dTreoracha a chur chun feidhme
- Freastal ar réamhéisteachtaí sa Chúirt Dúiche
- Leabhar Fianaise a ullmhú i gcásanna díotála
- Teagasc agus cúnamh a thabhairt don abhcóide ainmnithe atá ag seoladh an ionchúisimh
- Freastal ar an triail agus tuairisc a thabhairt ar an toradh do Rannán na dTreorach
- Seirbhís idirchaidrimh a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do pháirtithe atá páirteach sa phróiseas coiriúil

**ABHCÓIDE IONCHÚISIMH**

- Láithriú sa chúirt agus ionchúisimh ar díotáil a sheoladh thar ceann, agus de réir threoracha, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

**NA CÚIRTEANNA**

- Cás le linn éisteachta (díotchúiseamh, triail)
- Toradh an cháis (ciontú/éigiontú)
- Pianbhreith a ghearradh

# 1.3 STRUCHTÚR NA hEAGRAÍOCHTA (Suas go dtí Meitheamh 2014)

**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**
**Claire Loftus**

↓

**An Leas-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**
**Barry Donoghue**

↓

- **RANNÁN NA dTREORACHA**
  - **Ceannasaí Rannán na dTreoracha** – Elizabeth Howlin
    - **Ceannasaithe na n-Aonad** – David Gormally, Niall Lombard, Domhnall Murray, Peter McCormick
- **RANNÁN NA nATURNAETHA**
  - **An Príomh-Aturnae Ionchúisimh** – Peter Mullan
    - **Rannóg na nUrghabhála Sócmhainní** – Michael Brady
    - **Rannóg na dTrialacha Cúirte Cuarda** – Ronan O'Neill
    - **Rannóg na nAchomharc Coiriúil** – Francis H. Cassidy
    - **Rannóg na Cúirte Dúiche** – Séamus Cassidy
    - **Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha** – Helena Kiely
    - **Rannóg na nUaschúirteanna** – Liam Mulholland
- **SERBHÍSÍ TACAÍOCHTA DLÍ**
  - **Aonad an Pholasaí & Taighde** – Kate Mulkerrins
  - **An tAonad Leabharlainne** – Paula Murphy
- **AN RANNÁN RIARACHÁN**
  - **Ceannasaí Riaracháin** – Declan Hoban
    - **An tAonad Cumarsáide & Forbartha** – Helen Cullen
    - **An tAonad Airgeadais** – John Byrne
    - **An tAonad Acmhainní Daonna & Oiliúna** – Claire Rush
    - **An tAonad Teicneolaochta Eolais** – Marian Harte
    - **An tAonad Eagrúcháin & Seirbhísí Ginearálta** – Joe Mulligan

# CUID 2:

## SÚIL SIAR AR AN 2013

# 2.1 SÚIL SIAR AR AN 2013

## Réamhrá

2.1.1 Ba í an bhliain 2013 an chéad bhliain ina raibh Plean Straitéise 2013 – 2015 d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí á chur i bhfeidhm. Sa phlean straitéise sainaithnítear na príomhthosaíochtaí agus na príomhdhúshláin don Oifig agus leagtar amach na straitéisí a úsáidfimid sa tréimhse trí bliana chun a chinntiú go soláthraítear seirbhís ionchúisimh éifeachtach éifeachtúil.

2.1.2 Sa chaibidil seo, tugtar léargas ar na príomhfhorbairtí a bhí ann i rith na bliana 2013 i ndáil le baint amach na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach inár bplean straitéise.

## Bainistíocht Straitéiseach

2.1.3 Gné thábhachtach de bhainistíocht straitéiseach na seirbhíse ionchúisimh is ea ár dtiomantas leantach i leith athchóiriú na seirbhíse poiblí. Dála eagraíochtaí eile seirbhíse poiblí, ní mór don Oifig seo feidhmiú i dtimpeallacht ina bhfuil laghdú suntasach tagtha ar chaiteachas agus ar an líon foirne. Ag an am céanna, ní mór dúinn leanúint de sheirbhís ionchúisimh den chaighdeán gairmiúil is airde a sholáthar. I bhfianaise na n-éileamh casta a bhíonn ann, tá sé ag éirí níos deacra ná riamh an méid sin a bhaint amach.

**191**
**Líon na bhfostaithe ar fhoireann Oifig an DPP**

2.1.4 Ba é a bhí sa líon uasta daoine a leag an Rialtas síos i ndáil le foireann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain 2013 ná 192. D'oibrigh an Oifig laistigh den teorainn sin sa bhliain 2013 agus ba é a bhí sa líon iomlán foirne ná 191.4 coibhéis lánaimseartha.

2.1.5 Ina theannta sin, fostaíonn an Oifig 32 aturnae stáit ar bhonn conartha chun feidhmiú thar ceann an Stiúrthóra i gCúirteanna Cuarda lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. De bhreis air sin, baineann an Oifig leas as painéil abhcóidí a dtugtar mionteagasc dóibh, ó chás go cás, i ndáil le hionchúiseamh a dhéanamh thar ceann an Stiúrthóra i gcásanna sna cúirteanna coiriúla éagsúla.

**€36.1m**
**Costas na Seirbhíse Ionchúisimh**

2.1.6 Ba é a bhí sa chostas iomlán a ghabh le reáchtáil na seirbhíse ionchúisimh sa bhliain 2013 ná €36.1m. Is ionann sin agus laghdú €2.7m i gcomparáid le costas na seirbhíse an bhliain roimhe sin. Maidir le méid na gcostas dlíthiúla a dámhadh in imeachtaí dlíthiúla in aghaidh an Stiúrthóra sa bhliain 2012, bhí méadú suntasach orthu mar thoradh ar shocraíochtaí a rinneadh i dtrí chás thar a bheith costasach an bhliain sin. Dá bhrí sin, is é is príomhchúis leis an laghdú ar chostas na seirbhíse sa bhliain 2013 ná nach raibh aon chásanna de chineál inchomparáide ann sa bhliain 2013. Ar leith ón mbliain 2012, dá bhrí sin, tá laghdú tagtha ar an gcostas foriomlán

a bhaineann leis an tseirbhís ionchúisimh ó bhliain go bliain ó bhí an bhliain 2009 ann nuair a bhí caiteachas €44.7m ann.

**2.1.7** B'ionann suim na dtáillí a íocadh le habhcóidí agus 36% de chostas iomlán na seirbhíse sa bhliain 2013. Íocadh 34% eile ar mhodh tuarastal agus pá d'fhoireann na hOifige. Bhain 17% den chaiteachas le Seirbhís na nAturnaetha Stáit agus bhain 7% eile de leis an tsuim a íocadh ar mhodh costas dlíthiúil arna ndámhadh ag na cúirteanna agus caitheadh 6% de ar chostais ghinearálta i ndáil le riarachán oifige.

**2.1.8** Féachann Oifig an Stiúrthóra Poiblí i gcónaí le déileáil leis na dúshláin a ghabhann le seirbhís éifeachtach ionchúisimh a sholáthar in imthosca ina bhfuil sriantachtaí airgeadais ann de bharr na haeráide reatha eacnamaíochta. Níl aon rogha ag an Oifig seo maidir leis an obair a dhéanann sí ná níl aon smacht againn ar an líon comhad imscrúdaithe choiriúil a fhaighimid. Dá ainneoin sin, áfach, tá sábháil shuntasach bainte amach ag an Oifig seo le blianta beaga anuas maidir leis an dá réimse is costasaí ó thaobh caiteachais de – costais dhlíthiúla agus táillí a íoctar le habhcóidí ionchúisimh.

**2.1.9** Rinneadh an tsábháil i ndáil le costais dhlíthiúla a bhaint amach trí Bheartas docht Réitithe Costas a oibriú, ar beartas é lena ngabhann caibidlíocht leis an lucht cosanta, i gcásanna ina bhfuil costais le híoc, d'fhonn ceist na gcostas a réiteach gan aon ghá leis an ábhar a chur á chinneadh ag an Máistir Fómhais. Rinneadh an tsábháil i ndáil le táillí a íocadh le habhcóidí a bhaint amach trí laghdú iomlán 26% a chur i bhfeidhm ar ráta na dtáillí atá á n-íoc le habhcóidí ionchúisimh le blianta beaga anuas.

## Oiliúint & Forbairt

**2.1.10** Bíonn an timpeallacht dhlíthiúil ina n-oibrímid ag athrú de shíor. Ní mór don Oifig coinneáil suas le forbairtí dlíthiúla, ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta araon, agus ní mór di aird a thabhairt ar an bhforbairt leanúnach ar chastacht agus ar chleachtas an dlí choiriúil. Tá sé éigeantach, dá bhrí sin, go ndéanfaimid deimhin de go soláthraítear deiseanna forbartha pearsanta don fhoireann dlí ionas go mbeidh siad ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí maidir leis an dlí coiriúil.

**€286,943**
**An tsuim a infheistíodh in oiliúint na foirne**

**2.1.11** San iomlán, rinneadh 2.2% de na costais phárolla a infheistiú in oiliúint agus i bhforbairt na foirne sa bhliain 2013, is é sin le rá, suim iomlán €286,943. Áiríonn an caiteachas sin €28,278 ar oiliúint sa dlí; €19,874 ar chúrsaí agus ar imeachtaí eile; agus €59,969 ar Aisíoc Táillí Oideachais.

**2.1.12** Cé go bhfuiltear tar éis an buiséad foriomlán oiliúna don Oifig a laghdú go mór le blianta beaga anuas, tá clár oiliúna dlí forbartha don fhoireann ag ár nGrúpa Stiúrtha Oiliúna Dlí, ar clár é ina ndírítear go mór ar dheiseanna forbartha intí agus ina mbaintear leas as saineolas inmheánach agus as saineolas seachtrach i réimsí éagsúla den dlí coiriúil. Mar thoradh air sin, agus tar éis athstruchtúrú a dhéanamh ar chruinnithe inmheánacha rannóige le go mbíonn gné oiliúna ag baint leo, tá deiseanna suntasacha oiliúna ann don fhoireann agus iad á gcur ar fáil ar mhodh níos cost-éifeachtaí.

**2.1.13** I rith na bliana 2013, rinne an Oifig 6 sheisiún oiliúna de chuid an Líonra Dlí a éascú don fhoireann agus clúdaíodh na nithe seo a leanas ag na seisiúin sin: Riail na hEisiatachta agus Barántais Chuardaigh; Costais; Déileáil le hÍospartaigh; Forfheidhmiú Coiriúil an Dlí Rialála in Éirinn; Coireacht Bhóna Bháin; agus an Chúirt Choiriúil Speisialta.

**2,944**
**pointí CPD a dámhadh ar an bhfoireann ghairmiúil**

**2.1.14** Shroich gach duine den fhoireann ghairmiúil a gcuid spriocanna i ndáil le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) sa bhliain 2013 agus fuarthas 2,944 phointe CPD san iomlán. Is ionann sin agus méadú 19% i gcomparáid leis an líon pointí CPD a dámhadh sa bhliain 2012.

**2.1.15** De bhreis ar an bhforbairt ghairmiúil leanúnach a dhéanann daoine d'fhoireann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí iad féin, déanann siad oiliúint faoi chúrsaí ionchúisimh a sholáthar do ghníomhaireachtaí seachtracha freisin.

**2.1.16** I rith na bliana 2013, rinne daoine d'fhoireann na hOifige seo oiliúint a sholáthar do chomhaltaí den Gharda Síochána agus d'aturnaetha faoi oiliúint i nDlí-Chumann na hÉireann. I measc na n-ábhar a clúdaíodh le linn na hoiliúna sin, áirítear na nithe seo a leanas: Ról Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí; Abhcóideacht; Fianaise; Nithe a bhaineann le Rialáil; an Dlí Coiriúil; Dlíthíocht Shibhialta; an Nós Imeachta Coiriúil; Íospartaigh; Sócmhainní, Athbhreithniú Breithiúnach; agus Bannaí. Rinne an Oifig measúnú ar an oiliúint a soláthraíodh don Gharda Síochána agus léirigh sé sin leibhéil arda sástachta.

## Nósanna Imeachta Dlíthiúla

**2.1.17** I gcomhar le geallsealbhóirí eile sa chóras dlí choiriúil, leanann an Oifig den iarracht chun nósanna imeachta a shruthlíniú d'fhonn na hacmhainní a úsáid ar an tslí is éifeachtúla agus is éifeachtaí agus is féidir.

**2.1.18** Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, tugadh nós imeachta nua isteach i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath agus, dá réir sin, déantar cúisí, ar an lá i gcomhair Cur chun Trialach, a athchur go dtí lá sonrach sa Chúirt Chuarda ar lá é nach faide ná trí seachtaine dá éis sin. Ar an dáta sin, bheadh an cúisí in ann pléadáil ciontach a thaifeadadh nó, ina ionad sin, dhéanfaí é/í a athchur go dtí dáta díotchúisimh agus bheifí ag súil go léireodh an cúisí pléadáil ar an dáta sin. Ós rud é go ndéantar an cúisí a athchur go dtí dáta sonrach, ní gá do chomhalta den Gharda Síochána a chur in iúl don chúisí i bpearsa nach mór dó/di láithriú sa chúirt agus, sa tslí sin, tá sábháil ann don Gharda Síochána.

**2.1.19** Ag an am céanna, thug ár nOifig nós imeachta nua isteach maidir le nochtadh agus, i dtromlach na gcásanna, déanfar nochtadh a sheachadadh ar aturnaetha an chosantóra roimh an gcéad dáta i gcomhair lua sa Chúirt Chuarda agus is cinnte go ndéanfar amhlaidh faoin data díotchúisimh. Mar thoradh ar an nós imeachta nua, tá laghdú déanta ar líon na ndátaí i gcomhair lua i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath agus tá laghdú déanta ar am ar laistigh de nach mór do chúisí pléadáil a thaifeadadh.

**2.1.20** I gcomhthráth leis sin, rinneadh nós imeachta nua réamhthrialach a thabhairt isteach i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath, le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, i leith na gcásanna nua go léir a aischuirtear chuig an gCúirt Chuarda le haghaidh trialach. Freastalaíonn an cúisí agus na hionadaithe dlíthiúla don ionchúiseamh agus don chosaint ar an éisteacht réamhthrialach sin agus tarlaíonn sí idir 4 seachtaine agus 6 seachtaine roimh an triail. Ag an éisteacht réamhthrialach, déileáiltear le nithe ilghnéitheacha a bhaineann le nós imeachta agus le saincheisteanna a bhaineann le finnéithe a bheith ar fáil, le húsáid teicneolaíochta sa chúirt agus le hateangairí chun a chinntiú go leanfar ar aghaidh le hábhar an tráth atá liostaithe lena thriail. Is é is cuspóir don nós imeachta nua sin ná laghdú a dhéanamh ar mhoilleanna gan ghá in imeachtaí coiriúla agus tosú trialacha ar an dáta atá leagtha síos a éascú.

**2.1.21** Cuireadh nósanna imeachta den tsamhail chéanna i bhfeidhm i gCúirteanna Cuarda sa réigiún Lártíre agus san Oirdheisceart ach, sna Cúirteanna Cuarda sin, déileáiltear le nithe réamhthrialach ar mhodh ceistneora.

## Idirghníomhaíocht le Gníomhaireachtaí Eile

**2.1.22** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de líon áirithe gníomhaireachtaí atá ag obair sa chóras ceartais choiriúil. Tá sé riachtanach, i dtaca le hobair na

hOifige seo de, go bhféachaimid i gcónaí le feabhas a chur ar ghaolmhaireachtaí le grúpaí geallsealbhóirí ar leithligh agus go ndéanaimid tionscnaimh a fhorbairt chun an soláthar seirbhíse a fheabhsú.

**2.1.23** Sa bhliain 2013 arís, bhí an Oifig mar óstach do Sheimineár Bliantúil na nAturnaetha Stáit agus do Chomhdháil Bhliantúil na nIonchúisitheoirí Náisiúnta. Is léir go raibh an dá imeacht sin an-tairbhiúil i dtaca le daoine atá bainteach le hionchúiseamh coireachta ar an leibhéal náisiúnta a thabhairt le chéile chun plé a dhéanamh faoi shaincheisteanna tráthúla agus faoi fhorbairtí dlíthiúla nua. Tá siad thar a bheith cost-éifeachtach freisin mar mhodh chun sainoiliúint i ndáil le Forbairt Gairmiúil Leanúnach a sholáthar d'ionchúisitheoirí i gcoitinne.

**2.1.24** Leanann an Oifig de bheith páirteach i ngrúpaí éagsúla idir-ghníomhaireachta, agus de bheith ag rannchuidiú leo, lena n-áirítear iad seo a leanas: Coiste Dlí Choiriúil Dhlí-Chumann na hÉireann; an Grúpa Comhairleach maidir le Daoine atá faoi Choimeád an Gharda Síochána a chur faoi Agallamh; Grúpa Idir-roinne chun scrúdú a dhéanamh ar an tsaincheist maidir le daoine ar a bhfuil meabhair-thinneas agus iad i dteagmháil leis an gcóras ceartais choiriúil; grúpa idirchaidrimh atá comhdhéanta d'ionadaithe de chuid na hOifige seo agus d'ionadaithe de chuid an Gharda Síochána chun plé a dhéanamh ar impleachtaí Threoir an AE maidir le hÍospartaigh Coireachta; Grúpaí Úsáideoirí éagsúla de chuid na Seirbhíse Cúirteanna; agus an Grúpa Idirchaidrimh maidir le Seirbhísí d'Íospartaigh.

**2.1.25** Rannchuidigh an Oifig le forbairt an dlí choiriúil ar an leibhéal idirnáisiúnta agus glacadh páirt i roinnt tionscnamh a raibh eagraíochtaí idirnáisiúnta bainteach leo. Ina theannta sin, leanamar de rannchuidiú le hobair comhlachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear EUROJUST; GRECO; OLAF; Cumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí; agus an Cumann Idirnáisiúnta um Athchóiriú an Dlí Choiriúil.

**2.1.26** Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, is ag Éirinn a bhí Uachtaránacht an Aontais Eorpaigh. Le linn thréimhse na hUachtaránachta, iarradh ar an Stiúrthóir, Claire Loftus, glacadh le ról Uachtarán Fhóram Comhairliúcháin na nIniúchóirí Ginearálta agus na Stiúrthóirí Ionchúiseamh Poiblí san Aontas Eorpach. Ba é a bhí i mbuaicphointe na hUachtaránachta sin ná cruinniú den Fhóram Comhairliúcháin sa Hág i mí Aibreáin 2013, ar cruinniú é a d'fheidhmigh an Stiúrthóir mar óstach ina leith agus ar fhreastail ionchúisitheoirí sinsearacha i mballstáit an AE air.

## Íospartaigh Coireachta

**2.1.27** I gCairt na seirbhíse ionchúisimh maidir le hÍospartaigh, leagtar amach na cearta agus na teidlíochtaí atá ag íospartaigh ar sheirbhísí a sholáthraíonn gníomhaireachtaí éagsúla Stáit, lena n-áirítear Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Déantar na seirbhísí ar féidir le híospartaigh coireachta a bheith ag súil leo ón Oifig seo a shonrú go soiléir sa Chairt.

**17**
**An líon iarrataí ar chúiseanna le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh**

**2.1.28** I rith na bliana 2013 rinne an Oifig seo na seirbhísí seo a leanas a sholáthar de réir Chairt na nÍospartach:

- Tar éis iarraidh a fháil ó íospartach, rinneamar athbhreithniú ar chinntí a bhí déanta againn i ndáil le cásanna ionchúisimh aon uair ab fhéidir;
- Maidir le hiarrataí ó theaghlaigh íospartach ar chúiseanna le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh, dhéileáil an Oifig le 17 n-iarraidh den sórt sin i rith na bliana 2013;
- Trí oiliúint ionduchtúcháin agus trí chláir mheantóireachta, cinntíonn an Oifig go bhfuil gach duine den fhoireann ar an eolas faoina n-oibleagáid chun déileáil go

hurramach le híospartaigh/finnéithe agus chun aird a thabhairt ar a staid phearsanta, ar a gcearta agus ar a dhínit;

- Oibríonn foireann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leis an nGarda Síochána go leanúnach chun a chinntiú go gcoimeádtar gach íospartach ar leith ar an eolas faoin gcás a bhaineann leis/léi;

- I rith na bliana 2013, rinneadh cruinnithe réamhthrialach idir íospartaigh agus an fhoireann ionchúisimh a thairiscint i ngach cás cuí i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil;

- Rinneadh iarratais ar athbhreithniú pianbhreitheanna a measadh a bheith róthrócaireach a thaisceadh i rith na bliana 2013.

**32**

**An líon iarrataí a taisceadh i ndáil le hathbhreithniú pianbhreitheanna a measadh a bheith róthrócaireach**

**2.1.29** Ní mór treoir an AE lena mbunaítear caighdeáin i ndáil le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartach coireachta a thrasuí i ndlí na hÉireann faoi mhí na Samhna 2015. Tá roinnt forálacha ann sa treoir a mbeidh tionchar díreach acu ar an Oifig seo, lena n-áirítear ceart a bheith ag íospartaigh chun faisnéis a fháil faoi aon chinneadh gan an duine atá faoi dhrochamhras a ionchúiseamh. Faoi láthair, is i gcásanna a bhfuil bás ag baint leo, agus sna cásanna sin amháin, a sholáthraíonn an Oifig seo cúiseanna le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh.

**2.1.30** I rith na bliana 2013, bunaíodh grúpa oibre inmheánach chun scrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí a bheidh ann don Oifig seo nuair a thagann an treoir seo de bheith ina cuid den dlí.  Ina theannta sin, tá ionadaithe de chuid na hOifige rannpháirteach, i gcomhar le comhaltaí den Gharda Síochána, i ngrúpa idirchaidrimh seachtrach mar ullmhúchán i ndáil le cur i bhfeidhm na treorach maidir le híospartaigh d'fhonn aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna tras-eagraíochtúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

**2.1.31** I mí Iúil 2013, foilsíodh treoir sholáimhsithe mar chúnamh d'íospartaigh coireachta le linn dóibh Ráiteas Tionchar Íospartaigh a ullmhú. Rinne grúpa inar cuimsíodh ionadaithe ón Oifig seo ón nGarda Síochána agus ó Oifig Íospartaigh na Coireachta an treoir sin a fhorbairt.  Bhí an cur chuige comhoibritheach idir na trí ghníomhaireacht sin an-tairbhiúil agus is é a leanfaidh as ná go mbeidh faisnéis an-úsáideach ag íospartaigh coireachta agus í i bhformáid atá soiléir agus beacht.   Tá cóip den bhileog ann in Aguisín I den tuarascáil seo.

# LÉARGAS AR 2013 I nGRIANGHRAIF




Seimineár Bliantúil na nAturnaetha Stáit i mí Eanáir 2013



Cuairt Fatou Bensouda, Príomh-Ionchúisitheoir, an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le linn a cuairte ar Éirinn i mí na Nollag 2013




14ú Comhdháil Bhliantúil na nIonchúisitheoirí Náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 2013



Seoladh na bileoige 'Ráiteas Tionchair Íospartaigh a Dhéanamh' i gCeanncheathrú an Gharda Síochána i mí Iúil 2013




Coiste eagraithe Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ag Fóram Comhairliúcháin an AE sa Hág i mí Aibreáin 2013



Barra McGrory QC, Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí Thuaisceart Éireann, agus Claire Loftus, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, ag 14ú Comhdháil Bhliantúil na nIonchúisitheoirí Náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 2013



Daoine d'fhoireann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí in éineacht le comhaltaí den Gharda Síochána le linn seisiúin oiliúna i gceanncheathrú an Gharda Síochána

# 2.2 CAITEACHAS NA hOIFIGE

Tugtar briseadh síos i gCairt 2.2.1 ar chaiteachas na hoifige i rith na mblianta 2013, 2012 agus 2011.

**Tuarastail & Pá:** Is ionann seo agus an caiteachas ar thuarastail na ndaoine atá fostaithe san Oifig. B'ionann líon iomlán na foirne ar an 1 Eanáir 2013 agus 191.4.

**Costais Oifige:** An caiteachas ginearálta maidir le riarachán ar an oifig atá i gceist leis seo agus tugtar san áireamh costas ceannacháin agus cothabhála maidir le trealamh oifige, soláthairtí oifige, costas leabharlannaíochta, costas cothabhála maidir le háitribh oifige, costas taistil agus caiteachas teagmhasach eile. An costas maidir le haistriú go dtí áitreabh oifige nua ba chúis den chuid is mó leis an ardú ar an gcaiteachas i rith na bliana 2012.

**Seirbhís na nAturnaetha Stáit:** Is é a bhaineann leis seo tuarastail agus costais a íoc le 32 Aturnae Stáit atá i mbun cleachtais ar bhonn príobháideach agus atá ar conradh ag an Oifig seo maidir le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Stiúrthóra i gcúirteanna taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.

**Táillí Abhcóide:** Táillí iad seo a íoctar le habhcóidí a dhéanann cásanna a ionchúiseamh thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna coiriúla éagsúla. Is de réir pharaiméadair atá leagtha síos ag an Aire Airgeadais a shocraítear na táillí.

**Costais Ghinearálta Dlí:** Is é atá i gceist leis seo íocaíochtaí i ndáil le costais dlíthiúla a ndéanann na cúirteanna iad a dhámhachtain i gcás athbhreithnithe breithiúnacha agus iarratais eile a bhaineann le himeachtaí dlí in aghaidh an Stiúrthóra.

## CAIRT 2.2.1: CAITEACHAS OIFIGE

| | 2013 € | % | 2012 € | % | 2011 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tuarastail, Pá & Liúntais | 12,154,661 | 34% | 12,433,570 | 32% | 12,357,035 | 34% |
| Costais Oifige | 2,065,636 | 6% | 2,581,245 | 7% | 1,994,473 | 5% |
| Seirbhís na nAturnaetha Stáit | 6,499,799 | 17% | 6,436,710 | 16% | 6,302,448 | 17% |
| Táillí Abhcóide | 13,016,063 | 36% | 12,277,163 | 32% | 13,501,066 | 37% |
| Costais Ghinearálta Dlí | 2,412,643 | 7% | 5,118,017 | 13% | 2,622,289 | 7% |
| **IOMLÁN** | **36,148,802** | | **38,846,705** | | **36,777,311** | |



Léirítear i gCairteanna 2.2.2 & 2.2.3 briseadh síos ar an gcaiteachas i ndáil le táillí abhcóide sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus briseadh síos de réir an réigiúin i ndáil leis an gCúirt Chuarda Choiriúil.

Tugtar san áireamh leis na táillí a íocadh le habhcóidí sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta, táillí i ndáil le comhairle maidir le cruthúnas, leis an dréachtadh maidir le díotáil, le comhairliúchán, le díotchúiseamh, le cás a chur i láthair agus le hócáidí eile ar ghá theacht i láthair e.g. pianbhreith a fhógairt.

Táillí i ndáil le hiarratais ar bhannaí agus leis an obair ullmhúcháin agus le héisteachtaí maidir le hathbhreithniú breithiúnach is mó a bhaineann leis an gcaiteachas ar tháillí maidir leis an Ard-Chúirt.

## CAIRT 2.2.2: TÁILLÍ ABHCÓIDE A ÍOCADH ARNA LUA DE RÉIR NA CÚIRTE

| | 2013 | % | 2012 | % | 2011 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | | € | | € | |
| An Chúirt Chuarda | 7,501,518 | 58% | 6,832,055 | 56% | 7,440,212 | 55% |
| An Phríomh-Chúirt Choiriúil | 3,490,017 | 27% | 3,389,493 | 28% | 3,614,669 | 27% |
| An Ard-Chúirt | 1,182,939 | 9% | 1,097,662 | 9% | 1,389,815 | 10% |
| An Chúirt Uachtarach | 157,760 | 1% | 207,376 | 2% | 124,711 | 1% |
| An Chúirt Achomhairc Choiriúil | 433,760 | 3% | 415,389 | 3% | 695,512 | 5% |
| An Chúirt Choiriúil Speisialta | 230,029 | 2% | 324,105 | 3% | 228,126 | 2% |
| An Chúirt Dúiche | 20,040 | 0% | 11,083 | 0% | 8,021 | 0% |
| **IOMLÁN** | **13,016,063** | | **12,277,163** | | **13,501,066** | |



## CAIRT 2.2.3: TÁILLÍ ABHCÓIDE A ÍOCADH ARNA LUA DE RÉIR NA CUARDA

| | 2013 € | % | 2012 € | % | 2011 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cuaird Bhaile Átha Cliath | 3,703,814 | 49% | 3,793,304 | 56% | 4,012,452 | 54% |
| Cuaird Chorcaí | 437,232 | 6% | 516,238 | 8% | 638,650 | 9% |
| Cuaird an Oirthir | 659,969 | 9% | 587,581 | 9% | 607,674 | 8% |
| Cuaird Lár Tíre | 483,444 | 6% | 268,423 | 4% | 244,022 | 3% |
| Cuaird an Oirdheiscirt | 1,140,316 | 15% | 764,846 | 11% | 767,844 | 10% |
| Cuaird an Iardheiscirt | 591,107 | 8% | 478,994 | 7% | 675,173 | 9% |
| Cuaird an Iarthair | 259,606 | 3% | 230,683 | 3% | 257,192 | 3% |
| Cuaird an Tuaiscirt | 226,030 | 3% | 191,986 | 3% | 237,205 | 3% |
| **IOMLÁN** | **7,501,518** | | **6,832,055** | | **7,440,212** | |



# 2.3 SLIOCHT AS AN GCUNTAS LEITHREASA 2012

Cuntas ar an tsuim a caitheadh i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2012, arna cur i gcomórtas leis an tsuim a deonaíodh, agus ar an tsuim sa bhreis air sin is féidir a chur i leith leithreasaí i gcabhair, i ndáil le tuarastail agus costais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

| | | Soláthars na Meastacháin €'000 | 2012 Toradh €'000 | 2011 Toradh €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **CAITEACHAS CLÁIR** | | | | |
| A. | Seirbhís Ionchúisimh a Sholáthar | 40,528 | 39,890 | 37,820 |
| | **Ollchaiteachas** | **40,528** | **39,890** | **37,820** |
| | *Lúide* | | | |
| B. | **Leithreasaithe-i-gCabhair** | **975** | **1,043** | **1,043** |
| | **Glaniomlan** | **39,553** | **38,847** | **36,777** |

**An Barrachas atá le Géilleadh**

Dlitear barrachas an méid a soláthraíodh i gcomparáid leis an nglanmhéid a úsáideadh a thabhairt don Státchiste

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| An Barrachas atá le Géilleadh | €706,295 | 6,485,688 |

**Anailís ar Chaiteachas Riaracháin**

| | | Soláthars na Meastacháin €'000 | 2012 Toradh €'000 | 2011 Toradh €'000 |
|---|---|---|---|---|
| I. | Tuarastail, Pá agus Liúntais | 13,750 | 13,321 | 13,230 |
| II. | Taisteal agus Cothabháil | 109 | 97 | 101 |
| III. | Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha | 1,106 | 955 | 850 |
| IV. | Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide | 270 | 287 | 241 |
| V. | Fearas Oifige agus Seirbhísí TE seachtracha | 841 | 607 | 438 |
| VI. | Caiteachas maidir le hÁitreabh Oifige | 802 | 747 | 509 |
| VII. | Seirbhísí comhairleoireachta & Athbhreithniú maidir le Luach an | 37 | 34 | 25 |
| | | **16,825** | **16,058** | **15,394** |

# 2.4 AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

## Na Rialacháin maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002

### FEIDHMIÚ AN ACHTA I RITH NA TRÉIMHSE ÓN 1 EANÁIR 2013 GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2013

2.4.1 Déanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí íocaíochtaí le soláthraithe tar éis na hearraí nó na seirbhísí a bhíonn i gceist a chur ar fáil go sásúil agus tráth nach déanaí ná 30 lá ón am a gcuireann an soláthraí sonrasc faoi bhráid. Maidir le táillí abhcóidí, cé nach gcruthaítear sonraisc, tá de nós ag an Oifig táillí abhcóide a íoc tráth nach déanaí ná 30 lá ó thagann foirm tuairisce cáis i ndáil le haon chás ar bith.

2.4.2 I rith na tréimhse faoi chaibidil, bhí an Oifig mall le trí cinn d'íocaíochtaí dar luach breis agus €317.50 a dhéanamh. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí seo ná €3,764. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha i rith na bliana ar fad agus €4,370 as luach iomlán íocaíochtaí de €2.27 milliún agus b'ionann an t-ús ina leith sin agus €77.14.

### Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta

2.4.3 Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de na heagraíochtaí sin a thagann faoi réir théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002. Tháinig an tAcht i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998 agus chloígh an Oifig le téarmaí an Achta ón am sin i leith.

2.4.4 Cuirtear stampa ar an bhfuil dáta an lae sin le gach sonrasc an tráth a dtagann sé. Ceadaítear na sonraisc agus cuirtear ar aghaidh iad lena n-íoc in am tráth ionas go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht le linn na tréimhse iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc déantar an dáta ar tháinig siad isteach agus an dáta íocaíochta a chur i gcomparáid le chéile agus sa chás go bhfuil an teorainn ama iomchuí á sárú, cruthaítear íocaíocht úis leis an mbeart céanna. Sna cásanna sin ina mbíonn íocaíocht úis dlite, tugtar an t-ábhar sin ar aird an lucht bainistíochta ionas gur féidir aon bheart ceartúcháin is gá a dhéanamh.

2.4.5 Dearbhú réasúnach amháin, agus ní dearbhú glan iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta is féidir a chur ar fáil leis na nósanna imeachta atá curtha ar bun.

**Barry Donoghue**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Meitheamh 2014

# 2.5 SAORÁIL FAISNÉISE

**2.5.1** Foráiltear le halt 46(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise (SF), 1997 ceart deis a fháil ar thaifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige agus leis sin amháin. Fágann sin nach bhfuil teacht ar thaifid a bhaineann le comhaid ionchúisimh choiriúil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

**2.5.2** Leanann an Oifig d'eolas SF a chur ar fáil chomh héasca agus is féidir. Tá an Leabhar Tagartha faoi alt 15 agus alt 16 ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige ag www.dppireland.ie. Tugtar cuntas ar ghnó na hOifige san fhoilseachán sin agus leagtar amach cineálacha na dtaifead a choimeádtar.

**2.5.3** Trí iarratas déag a cuireadh faoi bhráid na hOifige i rith na bliana 2013. Diúltaíodh faoin Acht taifid a scaoileadh i ndáil le hocht gcinn de na hiarratais agus bhí aon iarratas amháin a tarraingíodh siar nó ar déileáladh leis taobh amuigh den chóras SF. Aontaíodh an fhaisnéis a ghéilleadh nó a ghéilleadh i bpáirt i gcás ceithre cinn de na hiarratais. Ba í an chúis a bhí le diúltú faisnéis a ghéilleadh nach le riarachán ginearálta na hOifige a bhain na taifid a bhíothas a iarraidh

**2.5.4** Iriseoirí a chuir isteach dhá cheann de na hiarrataí agus daoine den phobal i gcoitinne a cuir isteach an 11 iarraidh eile.

**2.5.5** As ocht gcás diúltaithe, ní raibh ach aon chás amháin inar iarr an t-iarratasóir athbhreithniú inmheánach ar an gcéad chinneadh. Sa chás sin, seasadh leis an gcéad chinneadh. Rinne an t-iarratasóir céanna achomharc i leith an chinnidh leis an gCoimisinéir Faisnéise a sheas freisin leis an gcéad chinneadh.

| Iarratas a Fuarthas 2013 | |
|---|---|
| Diúltaíodh faoi alt 46(1)(b) | 8 |
| Tarraingíodh siar / déileáladh leis taobh amuigh de chúrsaí SF | 1 |
| Aontaíodh go hIomlán | 4 |
| **IOMLÁN NA NIARRATAS** | **13** |

| Lucht Iarratais 2013 | |
|---|---|
| Iriseoirí | 2 |
| Daoine den Phobal | 11 |

| Cásanna Athbhreithnithe 2013 | |
|---|---|
| Iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach | 1 |
| Iarratas ar Athbhreithniú leis an gCoimisinéir Faisnéise | 1 |

# 2.6 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL MAIDIR LE hÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2013

## LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN ÚSÁID FUINNIMH SA BHLIAIN 2012

**2.6.1** Sa bhliain 2013, d'úsáid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 1,900.37MWh fuinnimh. Is ionann sin agus méadú foriomlán 16.37% i gcomparáid leis an méid fuinnimh a úsáideadh sa bhliain 2012. Léiríonn an méadú áitíocht ar feadh bliana iomláine i bhfoirgnimh liostaithe atá faoi úinéireacht an stáit agus atá suite ar a dtailte féin ar Bhóthar na hOtharlainne. Is ísle an leibhéal éifeachtúlachta fuinnimh atá ann sna foirgnimh sin mar gheall ar an tréimhse inar tógadh iad. Tá toirt chiúbach níos mó ag an gcuid is mó de na seomraí i gcomparáid leis an ngnáthchóiríocht oifige nua-aimseartha. Bhí costais bhreise fuinnimh ann freisin de bharr an ghá le tuilleadh feabhsúchán a dhéanamh ar shoilsiúchán seachtrach ar thailte Bhóthar na hOtharlainne. Tharla méadú ar an méid fuinnimh a úsáideadh ag Sráid an Rí Thuaidh, ar méadú é a d'éirigh as oibreacha feabhais a bhain le damáiste ó thuiliú, as oibreacha oiriúnúcháin do thionóntaí nua agus as méadú iardain ar rátaí áitíochta spáis. Baineann an méid iomlán fuinnimh a úsáideadh le téamh spáis, aer-oiriúnú, uisce te, soilsiúchán, córais ríomhaire agus trealamh eile inár gcuid foirgneamh oifige ar Bhóthar na hOtharlainne agus ar Shráid an Rí Thuaidh.

Is mar seo a leanas a dhéantar an figiúr sin a ríomh:

- 959.25 ó Leictreachas
- 673.76 MWh ó Ghás Nádúrtha

## BEARTA A RINNEADH I RITH NA BLIANA 2013

**2.6.2** Lean an Oifig i rith na bliana 2013, d'oibriú go dlúth le conraitheoirí cothabhála agus comhairleoirí seachtracha i mbun monatóireachta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. I measc na mbeart a rinneadh i rith na bliana 2013, bhí siad seo a leanas:

- Leanadh leis an monatóireacht ar an gCóras Bainistíochta Foirgnimh (BMS) ar córas ríomhaireachta atá ann agus tháinig roinnt sábhála de thoradh ar an socrú na coirí gáis a mhúchadh ar feadh tréimhsí fada.
- Cur i bhfeidhm leanúnach an fheachtais maidir le feasacht faoi fhuinneamh.
- Rinneadh soilsiúchán seachtrach ag Bóthar na hOtharlainne a uasghrádú trí fheistis atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de a shuiteáil agus rinneadh bearta inslithe foirgnimh a chur i bhfeidhm i gcás ina raibh sé sin indéanta.

## BEARTA ATÁ LEAGTHA AMACH DON BHLIAIN 2014

**2.6.3** Ar na bearta atá leagtha amach a dhéanamh i rith na bliana 2014, tá siad seo a leanas:

- Rinneadh scrúdú i dtaobh an féidir leas níos mó a bhaint as córais BMS i ndáil le bainistiú a dhéanamh ar an méid fuinnimh a úsáidtear.
- Leanadh den fheachtas feasachta trí úsáid a bhaint as comharthaíocht agus as póstaeir.
- Tá seisiúin faisnéise le heagrú don fhoireann agus, chuige sin, úsáidfear seirbhísí an tsainchomhairleora bainistithe fuinnimh atá ceaptha ag Oifig na nOibreacha Poiblí.
- Athbhreithniú ar na rialtáin téimh uisce agus ar úsáid leictreachais i rith na hoíche.

# 2.7 ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

**2.7.1** **Bhí éifeacht leis an 2ú Scéim Theanga d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ó Aibreán 2010 go dtí Aibreán 2013. I rith na bliana 2013, dhéileáil an Oifig le cás amháin sa Chúirt Choiriúil Speisialta a raibh ateangaireacht Ghaeilge ag teastáil ina leith agus le cás amháin sa Chúirt Dúiche a seoladh trí mheán na Gaeilge. Ina theannta sin, fuair an tOifigeach Gaeilge iarrataí ar aistriúchán Gaeilge i ndáil le 2 litir agus 4 theachtaireacht ríomhphoist. Dhéileáil duine den fhoireann atá ar ár bPainéal Gaeilge intí le 1 ghlaoch teileafóin sa Ghaeilge. Tá gach foilseachán de chuid na hOifige dátheangach agus tá láithreán gréasáin na hOifige go hiomlán dátheangach freisin.**

**2.7.2** **Cheadaigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an 3ú Scéim Ghaeilge d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus tháinig an scéim sin i bhfeidhm i mí Eanáir 2014. Tá an scéim ar fail ar ár láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie.**

## Tuarascáil ón gCoimisinéir Teanga maidir le Cur i bhFeidhm an 2ú Scéim Ghaeilge d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ó Aibreán 2010 go dtí Aibreán 2013

**2.7.3** Rinne an Coimisinéir Teanga faireachán agus imscrúdú ar chomhlíonadh i ndáil leis an 2ú Scéim Ghaeilge thar a ré 3 bliana. Tá achoimre ar a thuarascáil le fail thíos.

**2.7.4** Thuairiscigh an Coimisinéir Teanga mar a leanas:

*"De réir na faisnéise a soláthraíodh don Oifig seo, is léir go bhfuil an scéim theanga á cur i bhfeidhm go rathúil ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Rinne an Oifig cuid mhór oibre le linn ré na chéad scéime teanga chun ábhair agus seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. Leanadh den chur chuige sin le linn ré an dara scéim.*

*Le linn ré na scéime seo, bhí ról gníomhach ag an Oifigeach Gaeilge agus ag an Aonad Cumarsáide agus Forbartha i ndáil leis na gealltanais atá ann sa scéim, agus i ndáil le forálacha an Achta, a chur chun cinn."*

## Éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge

**2.7.5** Le linn ré an 2ú Scéim, dhéileáil an Oifig leis an ábhar seo a leanas:

- 10 litir i nGaeilge
- 17 dteachtaireacht ríomhphoist i nGaeilge
- 3 chás sa Chúirt Dúiche
- 13 chás san Ard-Chúirt
- 4 chás sa Chúirt Uachtarach

## Foireann atá ar fáil chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar

**2.7.6** Tá daoine ag a bhfuil Gaeilge scaipthe ar fud na rannán éagsúil, lena n-áirítear:

- 3 aturnae i Rannóg na Cúirte Dúiche
- 1 aturnae i Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha
- 1 aturnae i Rannóg na nUaschúirteanna
- 3 oifigeach ghairmiúla sa Rannán Stiúrtha
- 1 oifigeach foirne in Aonad na Leabhar Fianaise

## Fáilteoirí

2.7.7 Tugann fáilteoirí ain na hOifige i nGaeilge agus i mBéarla. Faigheann daoine den fhoireann oiliúint go tráthrialta chun a chumasú dóibh bunbheannachtaí sa dá theanga oifigiúla a úsáid. I rith na bliana 2011, tugadh oiliúint do dhaoine nua de chuid na foirne a bhí ag dul i mbun a ndualgas agus tugadh an oiliúint sin arís i rith na bliana 2013. Tá liosta fostaithe ag na hoibreoirí lasc-chláir, ar fostaithe iad atá sainaitheanta mar dhaoine atá in ann seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge.

## An tOifigeach Gaeilge

2.7.8 Tá ról an Oifigigh Gaeilge i bhfeidhm fós san eagraíocht. Déileálann an tOifigeach le cúrsaí aistriúcháin maidir le litreacha agus teachtaireachtaí chomh maith le tacú le cur chun cinn na Gaeilge laistigh den eagraíocht. Déantar doiciméid mhóra agus ábhar don láithreán gréasáin a chur chuig aistritheoir seachtrach. Tá ról tacaíochta ag an Oifigeach Gaeilge i ndáil le cúnamh a thabhairt do dhaoine den fhoireann nuair a iarrtar seirbhísí trí Ghaeilge cé gur minic a bhíonn daoine den fhoireann ábalta déileáil leis an duine a thagann i dteagmháil leis an oifig.

## An tAonad Cumarsáide & Forbartha

2.7.9 Tá ról gníomhach ag an Aonad Cumarsáide agus Forbartha i dtaca le cur i bhfeidhm na scéime teanga. Tugann an tAonad tuairiscí faoin scéim don lucht bainistíochta sinsearaí seachas don Choiste Comhpháirtíochta, mar a bhí luaite sa scéim teanga. Ní fhéachtar air sin mar laghdú ar na gealltanais atá tugtha sa mhéid go dtugtar tuairisc don lucht bainistíochta sinsearaí ar bhonn bliantúil.

2.7.10 Déanann an t-aonad taifead ar an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a choimeád i gcomhpháirtíocht leis na rannpháirtithe iomchuí.

2.7.11 Déantar riachtanais oiliúna foirne a shainaithint tríd an gcóras PMDS agus bíonn deis ag daoine den fhoireann a gcuid riachtanas maidir le hoiliúint Ghaeilge a shainaithint ag an tráth sin. Tugadh oiliúint ghinearálta d'fháilteoirí i mí Aibreáin 2010. Soláthraíodh athoiliúint i mí Dheireadh Fómhair 2010 agus tugadh oiliúint d'fhoireann nua fáiltithe i mí Bhealtaine 2011 agus arís i mí Eanáir 2013.

## An tSeirbhís Leabharlainne & Faisnéise

2.7.12 Coimeádann an tSeirbhís Leabharlainne agus Faisnéise eolaire ina sonraítear na hacmhainní atá ar fáil i nGaeilge agus cuireadh leis an ábhar sin le linn ré na scéime seo.

## Láithreán Gréasáin na hOifige

2.7.13 Déantar an leagan Gaeilge den láithreán gréasáin a choinneáil cothrom le dáta. Déantar aon téacs nua a chur ar aghaidh chuig cuideachta aistriúcháin sula ndéantar é a uaslódáil chuig an láithreán gréasáin. Déantar aon ábhar nua nó aon leasuithe ar théacs reatha a uaslódáil chuig an láithreán gréasáin go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla.

## Stáiseanóireacht

2.7.14 Comhlíonann stáiseanóireacht uile na hOifige ceanglais na Rialachán.

## Comharthaíocht

2.7.15 Tá an Oifig ar an eolas faoi cheanglas na Rialachán agus comhlíontar na ceanglais sin nuair a chuirtear comharthaí nua in airde. Bhog roinnt rannóg de chuid na hOifige chuig cóiríocht nua ar Bhóthar na hOtharlainne i mí Iúil 2012. Tá cuid de na comharthaí atá ann ar an láithreán nua sin i mBéarla amháin agus is gá na comharthaí sin a athrú. Tá bearta á ndéanamh ag an Oifig chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh na comharthaí go léir ar an láithreán seo na rialacháin.

# CUID 3:

## CORA NUA I gCÚRSAÍ DLÍ

# 3.1 CORA NUA I gCÚRSAÍ DLÍ 2013

## RÉAMHRÁ

3.1.1 Sa chaibidil seo, tugtar achoimre ar roinnt cinntí Cúirte le bliain anuas, ar nithe tábhachtacha nó spéisiúla iad nó lena ngabhann luach mar fhasaigh le haghaidh oibre ionchúisimh. Níl dóthain spáis ann chun athbhreithniú cuimsitheach a thabhairt ar an gcás-dlí ar fad a bhaineann leis an mbliain 2013 ach is ceart go dtabharfadh na cásanna atá luaite léiriú don léitheoir ar chuid de na saincheisteanna a éiríonn ó am go ham le linn cionta a ionchúiseamh.

## DAMÁISTE COIRIÚIL

***Kenneth Cullen v. an Breitheamh McHugh agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí*** [2013] IEHC 444, Hedigan J., 16 Aibreán 2013

3.1.2 Ciontaíodh an t-iarratasóir sa Chúirt Dúiche i leith damáiste coiriúil do dhoras de chuid duine áirithe a bhí ainmnithe ar dhuilleog an gcúiseamh. Níor thug úinéir an dorais dhamáistithe fianaise ag an triail maidir leis an ábhar. Ach chonaic na Gardaí an damáiste coiriúil agus é á dhéanamh agus thug siadsan fianaise sa chúirt agus d'aithin siad an t-iarratasóir mar an duine a rinne an damáiste coiriúil don doras. Thionscain an t-iarratasóir athbhreithniú breithiúnach san Ard-Chúirt á iarraidh go ndéanfaí an ciontú a neamhniú ar roinnt foras.

3.1.3 San Ard-Chúirt, d'éiligh an t-iarratasóir gur cheart do lucht an ionchúisimh úinéir an dorais dhamáistithe a ghlaoch chun fianaise a thabhairt. D'éiligh sé freisin go raibh sé de cheangal ar lucht an ionchúisimh, ós rud é gur sonraíodh ar dhuilleog na gcúiseamh gurb é a bhí i méid an damáiste ná suim €20, an leibhéal sin damáiste a chruthú. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt don dá éileamh sin. Luaigh an Ard-Chúirt gur toimhde éigeantach atá sa toimhde in alt 7(2) den Acht um Damáiste Coiriúil 1991 á rá gur le duine eile an mhaoin agus nach dtagann athrú ar an toimhde ós rud é go n-ainmníonn an cúiseamh úinéir. Maidir leis an dara pointe, rialaigh an chúirt go ndéanann an tAcht coir d'aon damáiste do mhaoin duine eile. Ós rud é go sonraíonn duilleog na gcúiseamh an leibhéal damáiste, gan an sonrú sin a bheith riachtanach, ní athraítear substaint an chúisimh. De bhreis air sin, thug an t-iarratasóir fianaise á rá go raibh sé ar an eolas nach raibh fáilte roimhe ansin. Rialaigh an Chúirt nach bhféadfaí an toimhde atá ann in alt 7(2)(b) den Acht um Dhamáiste Coiriúil 1991, á rá nach bhfuil aon údarás aige damáiste a dhéanamh don mhaoin, a fhrisnéis ós rud é go raibh an mhaoin ar cíos aige agus ar an ábhar sin amháin.

## TEISTÍOCHTAÍ

***James Kennedy v. A Onórach, an Breitheamh Martin Nolan agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí*** [2013] IEHC 115, Hogan J., 19 Márta 2013

3.1.4 Láithrigh an t-iarratasóir os comhair na Príomh-Chúirte Coiriúla agus é cúisithe i gcionta coiriúla. Rinne sé iarratas chuig an gcúirt ar ordú faoi alt 4F(2) den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967, arna leasú, lena gceadófaí dó a chur faoi deara go ndéanfadh finné ionchúisimh teistiú os comhair na Cúirte Dúiche roimh an triail. Dhiúltaigh an Chúirt Chuarda don iarratas á rá gurbh é a bhí sa tástáil a bhí le cur i bhfeidhm ag cúirt na trialach le linn breithniú a dhéanamh ar iarratas den sórt sin ná nach ceart ordú

den sórt sin a dhéanamh ach amháin i gcás ina bhfuil fíor-riosca ann nach bhfaigheadh iarratasóirí ar theistíocht triail chóir murach sin. Thionscain an t-iarratasóir athbhreithniú bhreithiúnach san Ard-Chúirt. Scrúdaigh an Ard-Chúirt cuspóir na reachtaíochta agus an tástáil cheart atá le cur i bhfeidhm ag cúirt na trialach le linn breithniú a dhéanamh ar iarratas chun fianaise theistíochta a ghlaoch.

3.1.5 Chuir an Ard-Chúirt ordú na Cúirte Cuarda ar neamhní ar an mbonn go raibh an tástáil a chuir an Chúirt Chuarda i bhfeidhm róshriantach. Chinn an Ard-Chúirt gur cheart an t-ordú á threorú go mbeadh fianaise theistíochta ann a dhéanamh i gcás inar féidir le hiarratasóir a shuíomh go bhfuil forais réasúnacha ann le go ndéanfar an t-ordú agus gur deimhin le cúirt na trialach nach é is cúis leis an iarratas ná cuspóir comhthaobhach nó cuspóir folaigh éigin.

## CÁS-DLÍ MAIDIR LE TAIFEADADH DIGITEACH FUAIME

***Gerard Hudson v. An Breitheamh Dúiche Anthony Halpin agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí*** [2013] IEHC 4, Hogan J., 15 Eanáir 2013

3.1.6 Ciontaíodh an t-iarratasóir sa Chúirt Dúiche mar gheall ar shárú ar ordú sábháilteachta. Thionscain sé athbhreithniú breithiúnach á iarraidh go ndéanfaí an ciontú a neamhniú. Le linn na n-imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh, d'iarr an t-iarratasóir ar an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfaí taifeadadh digiteach fuaime a thrialach sa chúirt dúiche a thabhairt ar aird.

3.1.7 Chinn an Ard-Chúirt gurb é a bheadh sa mhodh cothrom chun an t-ábhar a chinneadh ná a ordú go ndéanfaí trascríbhinn den éisteacht sa Chúirt Dúiche a thabhairt ar aird ós rud é gur bhain an t-athbhreithniú breithiúnach le réiteach saincheiste fíorasaí a bhí go hiomlán lárnach don chás. Thug an Chúirt dá haire go raibh an Breitheamh Cúirte Dúiche tar éis cuntas agus freagra mionsonraithe ar na himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a sholáthar don Ard-Chúirt agus gur chuir sé in iúl freisin go raibh sé ag cur i gcoinne an taifeadadh digiteach fuaime a thabhairt ar aird. Thug an Ard-Chúirt dá haire freisin go mbeadh impleachtaí costais ann mar thoradh ar a hordú agus dúirt sí nach mór a mheas, dá ainneoin sin, gur beart eisceachtúil é ordú den chineál seo a dhéanamh.

## NA RIALACHA MAIDIR LE TAIFEADADH DIGITEACH FUAIME

***Ionstraim Reachtúil Uimh. 99 de 2013 – Na Rialacha Cúirte Dúiche (Imeachtaí a Thaifeadadh) 2013***

3.1.8 Leis na Rialacha seo, déantar Ordú 12B nua a chur isteach sna Rialacha Cúirte Dúiche chun foráil a dhéanamh maidir leis an nós imeachta lena rialáiltear an tslí ina ndéantar taifead d'imeachtaí cúirte agus ina ndéantar iarratas ar rochtain ar thaifead a dhéantar d'imeachtaí cúirte. D'fhéadfadh sé gurb é atá i gceist leis na 'taifid' sin ná nótaí lámhscríofa nó clóscríofa maidir leis na himeachtaí, trascríbhinní arna n-ullmhú ag luathscríbhneoirí, agus taifeadtaí de chineál amhairc agus fuaime amhail taifeadadh digiteach fuaime.

3.1.9 Tháinig an Ionstraim Reachtúil i bhfeidhm ar an 8 Aibreán 2013 agus foráiltear léi nach mór do pháirtí atá ag iarraidh cóip de na taifid a fháil mionnscríbhinn agus fógra foriarratais a thaisceadh leis an bpáirtí eile ar dtús agus fógra 7 lá ar a laghad roimh dháta na héisteachta a bheith ann. Is féidir leis an bhFreagróir mionnscríbhinn fhreagartha a thaisceadh má táthar ag cur i gcoinne an iarratais.

## FÓGRA BREITHIÚNACH FAOI RÚIN

***Anthony Mitchell v. An Comhalta I gceannas ar Stáisiún Garda Thír an Iúir*** [2013] IEHC 221, Hogan J., 3 Bealtaine 2013

3.1.10 Rinneadh an t-iarratasóir a choinneáil faoi alt 30 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939 ós rud é go raibh amhras ann ina leith go raibh cion sceidealta déanta

aige. Le halt 10 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú) 1998, leasaíodh acht 1939 trína údarú do Bhreitheamh den Chúirt Dúiche coinneáil daoine gafa a fhadú go ceann 24 huaire an chloig eile eile. Le halt 18 d'Acht 1998, foráiltear go scoirfidh alt 10 de bheith i ngníomh le héifeacht ó Mheitheamh 2000 mura rud é go rithfidh gach Teach den Oireachtas rún lena mbeartófar gur ceart go leanfaidh an t-alt i ngníomh. Ag deireadh iarratais ón nGarda Síochána sa Chúirt Dúiche chun choinneáil an duine a fhadú go ceann 24 huaire an chloig eile, dúirt abhcóide an iarratasóra leis an gcúirt go raibh an t-iarratas fabhtach ós rud é nár chruthaigh an Garda Síochána go foirmiúil gur ritheadh na rúin. D'fhág an Breitheamh an chúirt ansin chun an staid a bhreithniú. D'fhill sé ar an mbinse agus dúirt sé gur fhéach sé ar láithreán gréasáin an Oireachtais agus go raibh aird bhreithiúnach á tabhairt aige i dtaobh na rúin a bheith rite. Rinne an Chúirt Dúiche coinneáil an iarratasóra a fhadú ansin.

**3.1.11** Chuir an t-iarratasóir i gcoinne dhlíthiúlacht a choinneála ansin ar an mbonn nár chruthaigh an Garda Síochána go foirmiúil go raibh na rúin rite ag an Oireachtas. Chinn an Ard-Chúirt go raibh an Breitheamh i dteideal féachaint ar láithreán gréasáin an Oireachtais ós rud é gurbh ionann sin agus féachaint ar dhoiciméad poiblí ab fhianaise prima facie í gur ritheadh na rúin amhail is dá mba rud é gur cruthaíodh an méid sin go foirmiúil sa chúirt.

## DIÚLTÚ I LEITH DLÍNSE

***Shane Sweeney v. an Breitheamh Lindsay agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí***
[2013] IEHC 210, Peart J., 16 Bealtaine 2013

**3.1.12** Bhí an t-iarratasóir agus comhchúisí á n-ionchúiseamh le chéile sa Chúirt Dúiche mar gheall ar chion ionsaí ba chúis le díobháil. Ag tús an cháis, léirigh an t-iarratasóir go raibh sé ag pléadáil ciontach agus phléadáil an comhchúisí neamhchiontach. I rith thriail an chomhchúisí, léirigh an Breitheamh go raibh sé ar intinn aige dlínse a dhiúltú ach nuair a insíodh dó gur ghlac breitheamh eile le dlínse roimhe sin lig sé don triail leanúint ar aghaidh. Tar éis cás an chomhchúisí a éisteacht d'éigiontaigh an breitheamh é. Glaodh cás an iarratasóra ansin. Tugadh tuairisc ar na fíorais don bhreitheamh le go bhféadfadh sé breithniú a dhéanamh i dtaobh dlínse. Dúirt an breitheamh ansin go raibh sé ag diúltú dlínse i gcás an iarratasóra tar éis dó an fhianaise CCTV agus an fhianaise liachta a fheiceáil i rith thriail an chomhchúisí. Thionscain an t-iarratasóir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh á iarraidh go ndéanfaí an t-ordú sin a neamhniú. Dúirt sé gur tharla sárú ar nósanna imeachta córa sa mhéid gur déileáladh leisean ar bhealach a bhí éagsúil leis an mbealach ar déileáladh leis an gcomhchúisí. Dúirt sé freisin nár cheart don bhreitheamh leas a bhaint as an bhfaisnéis a bhí faighte aige i dtriail an chomhchúisí chun cinneadh a dhéanamh faoi dhlínse i gcás an iarratasóra.

**3.1.13** Dhiúltaigh an Ard-Chúirt do na haighneachtaí sin agus rialaigh sí go raibh an cás ag brath ar cén uair a tugadh tuairisc ar fhíorais chás an iarratasóra don bhreitheamh. Chinn an Ard-Chúirt nach bhféadfadh an Breitheamh Cúirte Dúiche dlínse a dhiúltú dá mba rud é go raibh sé tar éis glacadh leis an bpléadáil agus na fíorais a éisteacht, tar éis glacadh le dlínse agus, ansin, tar éis tabhairt na pianbhreithe a chur siar go dtí go mbeadh triail an chomhchúisí críochnaithe. Ach is é a bhí tar éis tarlú ná gur éist an breitheamh na fíorais, den chéad uair, tar éis thriail an chomhchúisí agus, an tráth sin, go raibh sé i dteideal teacht ar a thuairim féin faoi dhlínse de réir an eolais a bhí aige ón triail sin. Chinn an Chúirt go raibh an breitheamh Cúirte Dúiche i dteideal teacht ar an tuairim freisin go raibh ról an iarratasóra éagsúil, i dtaca le tromchúis de, le ról an chomhchúisí éigiontaithe agus gur cion níos mó ná mionchion a bhí líomhnaithe ina aghaidh.

## TOGHAIRM A SHEIRBHEÁIL

***Stephen Moroney v. an Breitheamh Finn agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí Breithiúnas*** *Ex-tempore*, Hedigan J., 8 Bealtaine 2013

**3.1.14** Toghaireadh an t-iarratasóir chun láithriú os comhair na Cúirte Dúiche i ndáil le cionta coiriúla. Níor láithrigh sé sa chúirt ach bhí a aturnae i láthair chun feidhmiú thar a cheann. Theastaigh óna aturnae an modh inar seirbheáladh an toghairm ar a chliant a ardú leis an gcúirt mar réamh-shaincheist ós rud é go raibh sé den tuairim nár seirbheáladh an toghairm ar a chliant ar an modh ceart. Bhí formhuiniú maidir le seirbheáil ar an toghairm ach theastaigh ó aturnae an iarratasóra a rá nár seirbheáladh an toghairm ar a chliant mar go raibh sé tar éis dul ar imirce chun na hAstráile sula bhféadfaí an toghairm a sheirbheáil air i bpearsa. Tharla sé gur seirbheáladh an toghairm faoi dhó ar áras a theaghlaigh. Dhiúltaigh an breitheamh Cúirte Dúiche cead a thabhairt chun fiosrúchán a dhéanamh faoin tsaincheist sin agus, ina ionad sin, eisíodh barántas binse chun an t-iarratasóir a ghabháil.

**3.1.15** Thionscain an t-iarratasóir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh á iarraidh go ndéanfaí an barántas binse a neamhniú. Rialaigh an Ard-Chúirt nár cheart an barántas binse a eisiúint. Sa chás seo, bhí díospóid bhailí ann i dtaobh bhailíocht sheirbheáil na toghairme agus, i gcás ina ndéantar aon agóid den sórt sin a ardú, tá oibleagáid ar an gcúirt fiosrúchán a dhéanamh. Dúirt an Ard-Chúirt go mbeadh sé díréireach sa chás seo barántas binse a eisiúint d'éagmais fiosrúcháin i dtaobh seirbheála. Bhí sé tábhachtach cinneadh a dhéanamh i dtaobh an raibh áit chónaithe nua ag an iarratasóir. Más rud é nach chun seirbheáil na toghairme a imghabháil a rinneadh an ghluaiseacht chun na hAstráile, ansin d'fhéadfadh impleachtaí tromchúiseacha a bheith ann don iarratasóir, i dtaca le faduithe víosa nó aon víosa nua de, dá n-eiseofaí barántas binse.

## CÁSANNA TRÁCHTA BÓTHAIR

***James Power v. an Breitheamh Cúirte Cuarda Anthony Hunt agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí*** [2013] IEHC 174, O'Malley J., 18 Aibreán 2013

**3.1.16** **Na Fíorais:** Ciontaíodh an t-iarratasóir i gcion 'tiomáint faoi thionchar drugaí'. Rinneadh dhá dheimhniú alt 19 ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS) a sholáthar don Gharda Síochána agus léirigh ceann acu leibhéal nialais alcóil agus léirigh an ceann eile cócaoin a bheith ann. Bhrath lucht an ionchúisimh ar an dara deimhniú ag an éisteacht. Thionscain an t-iarratasóir athbhreithniú breithiúnach á rá nach raibh cead ag an lucht ionchúisimh, faoi alt 19 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, ach brath ar an gcéad deimhniú ós rud é gurbh é sin an t-aon deimhniú bailí amháin. Dúirt siad gurb ionann léamh cruinn litriúil na bhforálacha infheidhme agus a rá go bhfuil an MBRS, le fírinne, i riocht functus officio tar éis dóibh a n-anailís tosaigh a dhéanamh le haghaidh alcóil.

**An Cheist:** An raibh an lucht ionchúisimh i dteideal brath ar an dara deimhniú alt 19 nó arbh é an chéad deimhniú alt 19 an t-aon cheann bailí amháin?

**An Freagra:** Chinn an Ard-Chúirt nach raibh aon ní bunoscionn le dhá dheimhniú a bheith ann i ndáil leis na nósanna imeachta a glacadh. Suíodh comhlíonadh na gceanglas reachtúil i gcás gach ceann ar leith den dá dheimhniú a mhéid ba ghá a inghlacthacht a fhorasú ar fhírinne an ábhair a bhí ann. Ní feidir an chéad deimhniú a úsáid mar argóint i gcoinne inghlacthacht an deimhnithe a bhaineann le cócaon mura rud é go mbréagnaíonn sé an deimhniú sin ar bhealach éigin.

***An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Maresa Cagney*** [2013] IESC 13, Clarke J., 11 Márta 2013

**3.1.17** **Na Fíorais:** Ciontaíodh an cosantóir sa Chúirt Dúiche mar gheall ar chion mainneachtain sampla anála a chur ar fáil, de shárú ar alt 13 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961, arna

leasú. Rinne sí achomharc chuig an gCúirt Chuarda in aghaidh an chiontaithe. Ghlac an breitheamh Cúirte Cuarda le fianaise liachta á rá gur dhiúltaigh sí sampla anála a chur ar fáil mar thoradh ar riocht liachta díomuan a choisc uirthi déanamh amhlaidh d'ainneoin fíor-iarracht a bheith déanta aici ina leith. Ghlac an breitheamh Cúirte Cuarda leis freisin gur fhiafraigh an Garda di an raibh, nó nach raibh, aon riocht liachta uirthi a d'fhéadfadh cosc a chur uirthi sampla a chur ar fáil agus gur fhreagair sí nach raibh aon riocht den sórt sin uirthi. Thug an breitheamh Cúirte Cuarda dá aire nár iarr na Gardaí ar an gcosantóir sampla fola nó fuail a chur ar fáil tar éis mainneachtain sampla anála a chur ar fáil. D'aontaigh an breitheamh Cúirte Cuarda cás comhairliúcháin a shonrú don Chúirt Uachtarach mar a leanas:

**Ceist (1):** An raibh an ceart agam maidir leis na fíorais ar bhain mé leas astu nuair a chinn mé go raibh cúis speisialta shubstaintiúil ann le mainneachtain an chúisí sampla anála a chur ar fáil?

**Freagra (1):** Bhí.

**Ceist (2):** Más é 'Bhí' an freagra ar (a), an bhfuil an cúisí i dteideal a bheith éigiontaithe d'éagmais ceanglais de bhun alt 13(1)(b) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994 ó chomhalta den Gharda Síochána tar éis mainneachtain sna samplaí riachtanacha a chur ar fáil de bhun alt 13(1)(a) den Acht?

**Freagra (2):** Chinn an Chúirt Uachtarach mar a leanas i gcinneadh a thug Clarke J:

> "Is é atá san fhíorfhreagra ar an dara ceist ná go bhfuil cúisí a shásaíonn breitheamh na trialach go bhfuil cúis speisialta shubstaintiúil aige nó aici le mainneachtain nó diúltú sampla anála a chur ar fáil i dteideal a bheith éigiontaithe i gcás nach bhfaigheann an cúisí lena mbaineann rabhadh ó chomhalta den Gharda Síochána á rá go bhfágfaidh mainneachtain nó diúltú sampla fola nó fuail a chur ar fáil nach mbeidh an duine sin in ann brath ar chosaint ar dá réir a deirtear go bhfuil cúis speisialta shubstaintiúil aige nó aici le mainneachtain nó le diúltú, nó nach ndéanann an comhalta sin an méid sin a chur in iúl don duine sin. Chun amhras a sheachaint, is féidir an rabhadh nó an fhaisnéis sin a thabhairt mar chuid de rabhadh ginearálta sula gceanglaítear sampla anála a chur ar fáil sa chéad ásc nó is féidir é a thabhairt tar éis mainneachtain nó diúltú an sampla anála lena mbaineann a thabhairt. Chun amhras a sheachaint, is ceart a thuiscint nach dtugann easpa rabhaidh den sórt sin teidlíocht do chúisí chun éigiontú a fháil mura rud é go bhfuil an cúisí tar éis breitheamh na trialach a shásamh i ndáil le cúis speisialta shubstaintiúil a bheith ann le mainneachtain nó le diúltú."

**Ceist (3):** An bhfuil oibleagáid ar an gcúisí, le gur féidir leas a bhaint as cosaint faoi alt 23 d'Acht 1994, a shuíomh gur thairg sé nó sí go saorálach sampla fola nó fuail a chur ar fáil ach nár iarradh orthu déanamh dá réir sin?

**Freagra (3):** Déileáiltear le substaint an tríú ceist freisin sa fhreagra ar an dara ceist díreach roimhe seo.

## CÁSANNA SA CHÚIRT ACHOMHAIRC CHOIRIÚIL

### Glacadh le Ráitis mar Fhianaise

***An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Brian Rattigan*** [2013] IECCA 13

**3.1.18** Chuir an t-achomharcóir i gcoinne breitheamh na trialach do ghlacadh le ráitis i scríbhinn a bhí déanta roimhe sin ag finnéithe a dhiúltaigh fianaise a thabhairt ag an triail nó a thug fianaise a bhí neamhréireach go hábhartha leis na ráitis sin. Dúradh gur sháraigh úsáid na ráiteas an toimhde in aghaidh cúlghabhálachta ós rud é go ndearnadh na ráitis roimh achtú na forála (alt 16 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006).

**3.1.19** Chinn an Chúirt nárbh ionann ar chor ar bith an fhoráil í féin agus coincheap an phionósaithe chúlghabhálaigh atá mar

bhonn leis an toirmeasc bunreachtúil (Airteagal 15.5.1) agus le prionsabal an léirithe reachtúil faoin dlí coiteann. Ina theannta sin, gníomhaíonn an reachtaíocht go cúlghabhálach, de réir dealraimh, ós rud é nach bhfuil feidhm aici ach amháin, le linn trialach, nuair a dhiúltaíonn finné fianaise a thabhairt, nuair a shéanann sé nó sí nach ndearna sé nó sí an ráiteas nó nuair a thugann sé nó sí fianaise atá neamhréireach go hábhartha leis an ráiteas a tugadh roimhe sin. Ní féidir leis an teagmhas tionscanta sin a bheith ann ach am éigin sa todhchaí, i.e. tar éis theacht i bhfeidhm an Achta. Faoi dheireadh, déantar an t-athrú reachtaíochta a thuairisciú go cuí mar athrú de chineál nós imeachta agus fianaiseach. Is ceart gur ón tráth a achtaítear an dlí a bheadh feidhm ag athruithe de chineál nós imeachta agus fianaiseach maidir le himeachtaí ata ar feitheamh an tráth sin os comhair na gcúirteanna. Ní rud maith é an t-ionchas go mbeadh feidhm chomhuaineach sa dlí ag dhá riail éagsúla maidir le hinghlacthacht fianaise chlostráchta, agus sin ag brath ar dháta tosaithe na n-imeachtaí, agus ní rud maith é ach oiread an t-ionchas go mbeadh feidhm chomhuaineach ag cóid mhalartacha cleachtais.

**3.1.20** Le linn aghaidh a thabhairt ar aighneacht eile, thug an chúirt dá haire freisin go bhfuil cead ag an mbreitheamh tuairimí a thabhairt faoin bhfianaise má thugtar iad i gcúrsa cúisimh chóir, chothroim. Ní mór tuairimí den sórt sin a bheith cuí do bhreitheamh agus ní ceart "ábhar abhcóideachta" a bheith i gceist leo. Is atá i bhfeidhm bhreitheamh na trialach i dtaca leis seo de ná féachaint leis an ábhar atá le breithniú ag an ngiúiré a chur i láthair ar mhodh ordúil, sothuigthe agus intuigthe.

## Fianaise Chomhthacaíochta

*An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Daniel Foley* [2013] IECCA 90

**3.1.21** Bhí ar an gCúirt Achomhairc Choiriúil breithniú a dhéanamh i dtaobh an bhféadfaí, nó nach bhféadfaí, a mheas, de réir an dlí, gurb ábhar comhthacaíochta i leith an ghearáin iad iompar suaite an ghearánaí agus na focail a dúirt sí san otharcharr ar an mbealach chuig an ospidéil agus í leath-chomhfhiosach. Thug an Chúirt dá haire nach mór, le go mbeidh fianaise ina fianaise chomhthacaíochta, go dtarraingeodh sí an cúisí isteach sa scéal, go mbeadh sí neamhspleách ar an bhfianaise a fhágann go bhfuil comhthacaíocht inmhianaithe agus go mbeadh sí ina fianaise inchreidte inti féin. Tá sainmhínithe agus saintréithriú ann i leith comhthacaíochta agus, cé go leanann siad fasaigh an Bhéarla, tá siad lán le miondifríochtaí. Maidir le céard í comhthacaíocht, ní mór go mbraithfeadh sé ar fhíorais agus ar imthosca gach cáis ar leith, ar an gcosaint a thugann an cúisí agus ar an gcineál ceiste atá le cinneadh ag an ngiúiré.

**3.1.22** Is léir go bhféadfaí a mheas, maidir le frithghníomhaíocht fhisiciúil an ghearánaigh agus maidir leis na focail a bhí ann, go raibh siad neamh-shaorálach agus spontáineach de bhua an reachta mhothúchánaigh agus leath-chomhfhiosaigh ina raibh sí, is é sin, i bhfocail eile, go raibh siad neamhspleách ar a toil chomhfhiosach.

**3.1.23** Is faoin ngiúiré a bhí sé déileáil leis an staid shuaite ina raibh sí mar rud a bhí ar neamhréir le haon éileamh go raibh sí páirteach go gairid roimhe sin i dteagmháil chollaí chomhthoiliúil, rud a bhain an bonn de chosaint an iarratasóra á rá gur ghlac sí páirt go toilteanach sna gníomhartha collaí agus, dá bhrí sin, a tharraing isteach sa cion é.

**3.1.24** Tháinig an Chúirt ar a tuairim, maidir leis an bhfianaise sin a bhí tugtha ag an nGarda, go bhféadfaí a meas gur fianaise chomhthacaíochta a bhí ann i leith cuntas an ghearánaigh féin ar cad a tharla.

*J.S. v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí*
[2013] IECCA 41

**3.1.25** D'admhaigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil, maidir le ráitis bhréagacha a dhéanann cúisí agus a gcinntear ina leith gur bréaga iad, go bhféadfaí a mheas, in imthosca áirithe, gur fianaise chomhthacaíochta iad i leith ciontachta. Ach i gcás ina bhfuil fianaise den sórt sin le cur i láthair ní mór rabhadh, ar a dtugtar rabhadh Lucas, a thabhairt don ghiúiré.

"Le gur féidir fianaise chomhthacaíochta a bheith ann, ní mór, sa chéad dul síos, gur d'aon ghnó a insíodh an bhréag a insíodh lasmuigh den chúirt. Sa dara dul síos, ní mór go mbaineann sí le saincheist ábhartha. Sa tríú dul síos, ní mór gurb é is cúis leis an mbréag ná tuiscint ar chiontacht agus eagla roimh an bhfírinne. Is ceart, i gcásanna cuí, a mheabhrú don ghiúiré go n-insíonn daoine bréaga uaireanta, mar shampla, agus iad ag féachaint le tacú le cúis chóir, nó mar gheall ar náire nó ós rud é gur mian leo iompar náireach a cheilt ar a dteaghlach. Sa cheathrú dul síos, ní mór a thaispeáint go soiléir gur bréag ar mhodh fianaise é an ráiteas seachas bréag de chuid comhchoirí nach mór comhthacaíocht a fháil ina leith, is é sin le rá, trí admháil nó trí fhianaise ó fhinné neamhspleách."

**3.1.26** Maidir leis an mbréag sa chás seo, bhí baint aici le cibé acu a bhí an cúisí páirteach i mburláil féir nó, ina ionad sin, ar thug sé isteach é i rith na bliana a bhí i gceist.

**3.1.27** Dúirt an abhcóide gur cheart don bhreitheamh rabhadh sonrach a thabhairt don ghiúiré á rá go bhféadfadh dul amú a bheith ar an achomharcóir i dtaca le sainaithint na bliana agus gur cheart dóibh buntáiste an amhrais a thabhairt don achomharcóir. Thug an Chúirt Achomhairc Choiriúil dá haire gur léirigh an breitheamh go bhféadfadh sé go n-inseodh duine bréaga mar gheall ar "scaoll" nó "míbhreithiúnas" nó "mearbhall" nó "míshástacht" agus nach bhfaca sí aon difríocht idir an ní a dúirt an abhcóide gur ceart é a bheith ráite agus an ní a dúirt an breitheamh iarbhír.

**3.1.28** D'áitigh an Chúirt go tréan nach feidhm dá cuid í téarmaí beachta ná téarmaí cinntitheacha a leagan síos ar dá réir is ceart rabhadh Lucas a thabhairt más gá é a thabhairt. Ní mór gur faoi bhreitheamh na trialach é cinneadh a dhéanamh de réir fhíorais gach cáis ar leith. Is léir gur ceart comhthéacsú a dhéanamh a mhéid is gá.

**3.1.29** Bhí an t-achomharcóir tar éis diúltú an-sainráite a thabhairt, fiú amháin sa mhéid gur soláthraíodh cúiseanna. Níor suíodh aon bhonn fianaiseach i dtaobh conas a d'fhéadfadh dul amú a bheith ar an achomharcóir nó cén fáth go raibh dul amú ar an achomharcóir. Go sonrach, thug an breitheamh aghaidh ar an tsaincheist i dtaobh bhuntáiste an amhrais agus i dtaobh nach gá don bhreitheamh gach pointe a lua athuair ar mhodh a thabharfadh fabhar don chúisí thar lucht an ionchúisimh.

**3.1.30** Ní raibh aon earráid i bprionsabal nó aon mhíthreoir don ghiúiré ann i dtaca leis sin de.

## Cásanna a leanann as *Damache v. An tArd-Aighne*

### *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Michael McKevitt* [2013] IECCA 22

**3.1.31** Bhí imeachtaí tionscanta ag Michael McKevitt chun cealú a dhéanamh ar a chiontú mar gurbh iomrall ceartais é, ar imeachtaí iad ar theastaigh ón Stiúrthóir go scriosfaí iad mar gur mhí-úsáid próisis iad. Le halt 2 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1993, ceadaítear iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt chun ciontú a neamhniú ar an mbonn go dtaispeánann fíoras nó fíorais nua-aimsithe gur tharla iomrall ceartais.

**3.1.32** Rinneadh an tUas McKevitt a chiontú sa Chúirt Choiriúil Speisialta thart ar 10 mbliana roimhe sin ar bhonn fianaise inar áiríodh toradh cuardaigh de bhun barántais a eisíodh faoi alt 29 den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit. Ina dhiaidh sin, chinn an Chúirt Uachtarach go raibh an fhoráil sin neamhbhunreachtúil (*Damache v. An tArd-Aighne*). Níor cuireadh i gcoinne bhailíocht an bharántais alt 29, ná níor tugadh le fios go rabhthas chun cur i gcoinne na bailíochta sin, ag aon tráth le linn na trialach.

**3.1.33** Is é atá sa cheist a bhí le cinneadh ná "an cinnte go dteipfeadh" ar an iarratas substainteach faoi alt 2 den Acht. Is cinnte go dteipfidh ar iarratas más rud é nach dtagann an bonn atá leis laistigh de chúram reachtúil an ailt a ndeirtear ina leith go

gceadaíonn sé an t-iarratas. Thug an Chúirt dá haire go léiríonn anailís oibiachtúil ar na fasaigh raon teoranta ábhar a thagann faoi réim alt 2. Thug an Chúirt a tuairim nach féidir breithiúnas ón gCúirt Uachtarach a tugadh sa bhliain 2012 a thréithriú, ar aon bhonn inchosanta, mar "fíoras nua-aimsithe" i ndáil leis an triail ná i ndáil le hionchúiseamh na trialach sin go feadh an méid a d'fhágfadh gurbh ionann an ciontú agus "iomrall ceartais".

**3.1.34** Tháinig an Chúirt ar an tuairim nach raibh an argóint inchosanta ná insonraithe ós rud é, i gcinntí tar éis *Damache*, gur tugadh soiléiriú maidir le raon teoranta na gcásanna ina bhféadfar a rá go bhfuil éifeacht "cúlghabhálach" ag an gcinneadh. Ní raibh cead tugtha ag an gCúirt Achomhairc Choiriúil d'iarratasóirí i gcásanna eile tairbhiú ón gcinneadh in *Damache* ach amháin ar an mbonn go raibh na hiarratasóirí sin tar éis bailíocht an bharántais alt 29 a ardú le linn iad a bheith á n-ionchúiseamh ag a dtrialacha agus go raibh achomhairc ar feitheamh acu.

**3.1.35** Sa bhreithiúnas ón gCúirt Choiriúil Speisialta in *O'Brien*, rinne Hardiman J. na pointí iomchuí a scagadh ó na cinntí in *Kavanagh agus Cunningham*. Seo a leanas na pointí sin:

i) gur ardaíodh an t-ábhar i gcúirt na trialach agus nach ndearna an t-iarratasóir aon bhearta a thabharfadh le fios gur thug sé toiliú i leith an phointe nó gur tharscaoil sé an pointe, mar shampla trí phléadáil ciontach; agus

ii) nach raibh "bailchríoch" curtha ar na himeachtaí in aghaidh an achomharcóra, is é sin, go raibh triail, nó achomharc i gcoinne ciontaithe tar éis trialach, ar feitheamh fós.

**3.1.36** Thug an Chúirt dá haire, maidir leis an gcás láithreach, gur féidir a rá ina leith ní amháin go raibh bailchríoch curtha ar na himeachtaí i ndáil leis an iarratasóir ach freisin go bhfuil bailchríoch curtha orthu le cuid mhór blianta. Ní fhéadfadh an ciontú ón gCúirt Choiriúil Speisialta sa bhliain 2002 teacht faoi réim na cúlghabhálachta fiú amháin dá mba rud é, cuir i gcás, gur cuireadh i gcoinne bhailíocht bhunreachtúil an bharántais a eisíodh faoi alt 29 den Acht.

**3.1.37** Thug an Chúirt foláireamh sa deireadh á rá, maidir leis an dlínse chun iarratas arna thionscnamh faoi alt 2 d'Acht 1993 a scriosadh amach, gur dlínse í nach mór tarraingt go caol uirthi. Nó mór tairseach ard a bheith ann. Ach ní mór tionscnamh na dlínse a thugtar le halt 2 a bhunú ar théarmaí an ailt sin é féin. Má tá fíorais agus imthosca an cháis de chineál a fhágann go bhfuil iarratas neamh-insonraithe, tá sé de dhualgas ar an gcúirt an t-iarratas a dhíbhe.

**3.1.38** Ghéill an Chúirt don iarratas a tugadh thar ceann an Stiúrthóra agus scriosadh amach an t-iarratas alt 2 mar iarratas neamh-insonraithe agus mar iarratas neamh-inargóinte.

### *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Liam Bolger* [2013] IECCA 6

**3.1.39** Sa chás seo freisin, ardaíodh an cheist i dtaobh an bhféadfadh an t-achomharcóir brath ar an mbreithiúnas ón gCúirt Uachtarach in *Damache*. Le linn diúltú don chás seo, thug an Chúirt dá haire:

Tá an chríochnaitheacht ina gné an-tábhachtach dár gcóras dlí.

- Is é atá in achomharc ná athbhreithniú ar thriail, ar reáchtáil na trialach agus ar na cinntí a rinneadh le linn na trialach sin. Ní éisteacht *de novo* é.

- Dá bhrí sin, cé nach bhfuil na himeachtaí críochnaithe fós, leanann siad ar aghaidh mar achomharc agus ní mar thriail *de novo*.

- Is é atá sa riail ghinearálta ná nach bhféadfaidh iarratasóir saincheisteanna nua a ardú nár ardaíodh agus nár cinneadh ag an triail.

- Mar atá luaite in Cronin (No. 2), áfach, d'fhéadfadh an Chúirt idirghabháil a dhéanamh dá mbeadh sí den tuairim go rabhthas tar éis éagóir bhunúsach a dhéanamh nó dá mbeadh earráid

shubstaintiúil ann lena ngabhann míniú réasúnach, ar earráid í as a leanann faitíos maidir leis an bhfíorcheartas.

- Níor ardaigh an t-iarratasóir saincheist *Damache* ag a thriail, mar a rinneadh in *Cunningham agus Kavanagh* agus in *O'Brien*.

## Ginearálta

### *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Patrick Hegarty* [2013] IECCA 67

**3.1.40** Rinne breitheamh na trialach duine amháin den ghiúiré a urscaoileadh mar gur thug an duine sin admháil i leith taighde a dhéanamh ar an Idirlíon faoi ghnéithe den fhianaise a bhí curtha i láthair sa Chúirt. Bhí gá le hurscaoileadh an duine sin ós rud é nach mór don ghiúiré an cás a thriail go heisiach ar bhonn na fianaise a leagtar os a chomhair laistigh de chúirt na trialach. Rinne an Chúirt Achomhairc Speisialta aighneacht á rá gur cheart urscaoileadh a dhéanamh ar an ngiúiré ar fad a dhíbhe ós rud é go raibh sé soiléir nach ndearna an duine den ghiúiré lena mbaineann toradh a taighde a chur in iúl do na daoine eile den ghiúiré.

**3.1.41** Le linn athbhreithniú ar an bpianbhreith a bhreithniú, ar athbhreithniú é a d'iarr an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, d'admhaigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil go raibh an Stiúrthóir i dteideal fógra a fháil á rá go raibh sé beartaithe brath ar thuarascáil ón gCigire Príosún maidir leis na dálaí dóchúla a bheadh le fulaingt ag an duine cúisithe le linn a bheith i bpríosún. Tháinig an Chúirt ar an tuairim freisin go raibh earráid déanta ag breitheamh na trialach nuair a breithníodh tuarascáil den sórt sin ós rud é, maidir le saincheisteanna den sórt sin, más ann dóibh, gur nithe iad i gcomhair leighis eile agus i gcomhair Cúirte eile.

# CUID 4:

## STAITISTICÍ

# STAITISTICÍ

## Nóta Mínithe i nDáil le Staitisticí

4.1 Tá Cuid 4 briste síos i dtrí roinn ar leith

- Cairt 1 go dtí Cairt 5 (Cuid 4.1) a bhaineann le comhaid a theacht isteach san Oifig agus lena n-áirítear mionsonraí faoi chineálacha na dtreoracha a tugadh;
- Cairt 6 go dtí Cairt 10 (Cuid 4.2) ina dtugtar mionsonraí faoi thorthaí na gcásanna a ndearna an Stiúrthóir ionchúiseamh ar díotáil ina leith maidir leis na comhaid sin a tháinig faoi bhráid na hOifige idir an bhliain 2010 agus an bhliain 2012.
- Cairt 11 go dtí Cairt 13 (Cuid 4.3) a bhaineann le hiarratais chuig na Cúirteanna ar athbhreithniú ar phianbhreitheanna ar fhoras iad a bheith róthrócaireach; coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní a eascraíonn ó choiriúlacht; agus Barántais Ghabhála Eorpacha.
- Soláthraíonn Cairt 14 (Cuid 4.4) mionsonraí faoi ullmhú/eisiúint Iarrataí ar Eiseachadadh (eiseachadadh a lorg i gcás daoine nach bhfuil i láthair i mballstáit a thagann faoi réim an Bharántas Gabhála Eorpaigh).
- Tugann Cairt 15 (Cuid 4.5) mionsonraí ar iarratais ar chúnamh dlí frithpháirteach a phróiseáil Oifig an an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

4.2 Baineann gach idirdhealú de réir na mblianta sna táblaí staitistice leis an mbliain ar tháinig an comhad faoi bhráid na hOifige. Is é cúis atá le heolas a ríomh chomh fada siar i gcairteanna 6 go dtí 10 ionas go dtugtar san áireamh an tréimhse ama a bhíonn caite idir cinneadh ionchúiseamh a thioncsnamh agus an tráth a dtugtar breith cúirte. Dá mbeifí le staitisticí a chur ar fáil i ndáil le torthaí chásanna na bliana 2013, bheadh sciar mór de na cásanna á rangú go fóill mar chásanna atá le héisteacht agus is beag fiúntais a bheadh leis na staitisticí. Ní gá gur léiriú ionadaíoch an léargas ar chásanna a éistítear tamall gairid tar éis a dtabhairt.

4.3 Déantar iarracht sa tuarascáil seo leaganacha nuashonraithe de na sonraí a léiríodh sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo a thabhairt san áireamh chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh na sonraí roimhe seo. Mar gheall ar an athrú a thagann go seasta ar stádas cásanna – mar shampla, d'fhéadfadh cás a rabhthas ag feitheamh ina leith tráth ar ullmhaíodh tuarascáil roimhe seo a bheith tugtha chun críche faoin am seo – beidh an fhaisnéis sa tuarascáil seo éagsúil leis an bhfaisnéis ar an réimse céanna cásanna i dtuarasálacha roimhe seo. Chomh maith leis sin, ní móide gur inchomórtais sonraí ó bhlianta éagsúla ó tharla gur mó de na cásanna a thugtar chun críche le himeacht aimsire agus go bhfágfadh sin gur iomláine an t-eolas maidir le cásanna ó na blianta is luaithe ná ó na blianta is deireanaí. Mura luaitear a mhalairt, rinneadh leasú maidir leis na sonraí a luaitear sna staitisticí seo i mí Meitheamh 2014.

4.4 Ní mór cúram maidir leis na staitisticí seo a chur i gcomparáid le staitisticí a fhoilsíonn eagraíochtaí eile, mar shampla an tSeirbhís Chúirteanna nó an Garda Síochána. Tá na staitisticí a fhoilsítear anseo bunaithe ar rangú agus ar chatagóirí na hOifige féin agus ní gá go mbeadh an córas sin agus an córas rangúcháin in eagraíocht eile ag teacht le chéile go baileach.

# 4.1 COMHAID IONCHÚISIMH A FUARTHAS

Léirítear i gCairt 1 an líon iomlán comhad ionchúisimh a fuarthas in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ó 2002 go 2013.

Ní áirítear sa chairt obair atá déanta ag an Oifig i ndáil le nithe eile nach mbaineann go díreach le comhaid ionchúisimh choiriúil, mar shampla: iarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána, ó aturnaetha stáit áitiúla nó ó ghníomhaireachtaí eile; nithe a bhaineann le beartas; nó fiosrúcháin ghinearálta.

## CAIRT 1: LÍON IOMLÁN NA GCOMHAD A FUARTHAS

| BLIAIN | COMHAID |
|---|---|
| 2002 | 14586 |
| 2003 | 14696 |
| 2004 | 14613 |
| 2005 | 14427 |
| 2006 | 15279 |
| 2007 | 15446 |
| 2008 | 16144 |
| 2009 | 16074 |
| 2010 | 15948 |
| 2011 | 16127 |
| 2012 | 15289 |
| 2013 | 13763 |

Soláthraíonn Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus gníomhaíonn thar a ceann. Déileálann an roinn freisin le cásanna nach gcaitear a tharchur go díreach chuig an Roinn Treorúcháin chun treoir a fháil.

Léiríonn Cairt 2 an líon cásanna ar dhéileáil Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, leo agus áirítear inti comhaid ionchúisimh don Chúirt Dúiche, achomhairc ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Chuarda agus iarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt. Léiríonn an figiúr d'Achomhairc ón gCúirt Dúiche an líon comhad a sealbhaíodh agus ní an líon cúiseamh aonair a ndearnadh achomharc orthu. D'fhéadfadh roinnt cúiseamh a bheith faoi achomharc ag aon chosantóir amháin.

Déileálann Roinn na nAturnaetha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach freisin. Cé gurb í Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, a dhéileálann le cuid de na hiarratais sin, caithtear cuid eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn Treorúcháin le treoir a fháil. Mar gheall go bhfuil an Roinn Athbhreithnithe Bhreithiúnacha lonnaithe i Roinn na nAturnaetha, áfach, tá an líon iomlán d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar déileáladh leo sa chairt seo. Is féidir leis an Stiúrthóir Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh nó is féidir athbhreithniú breithiúnach a ghlacadh ina aghaidh.

## CAIRT 2: COMHAID A NDÉILEÁILTEAR LEO I ROINN NA NATURNAETHA

| | 2013 | % | 2012 | % | 2011 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaid Ionchúisimh Cúirte Dúiche | 1157 | 22% | 1328 | 21% | 1733 | 25% |
| Achomhairc ón gCúirt Dúiche chun na Cúirte Cuarda | 1790 | 33% | 2433 | 38% | 2306 | 34% |
| Iarratais ar Bhannaí Ard-Chúirte | 2104 | 39% | 2418 | 37% | 2545 | 37% |
| Iarratais Athbhreithnithe Breithiúnacha | 338 | 6% | 293 | 5% | 264 | 4% |
| **IOMLÁN** | **5389** | | **6472** | | **6848** | |



Léiríonn Cairt 3 an líon comhad a fuarthas ina gcaitear cinneadh a dhéanamh an ndéanfar nó nach ndéanfar cás a ionchúiseamh. Déanann an chairt comparáid idir líon na gcomhad a fuarthas agus líon na n-amhrastach is ábhar do na comhaid sin. Baineann go leor comhad le níos mó ná amhrastach amháin agus dá gcaithfí le comhad mar sin mar chás aonair d'fhéadfá ualach oibre míchruinn a lua leis an Oifig. Tá sé tábhachtach, mar sin, féachaint ar líon iomlán na n-amhrastach chomh maith le líon iomlán na gcomhad.

## CAIRT 3: BRISEADH SÍOS MAIDIR LEIS NA COMHAID A FUARTHAS D'FHONN CINNEADH CIBÉ AN NDÉANFAÍ IONCHÚISEAMH

| | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Líon na gcomhad a fuarthas d'fhonn cinneadh cibé an ndéanfaí ionchúiseamh | 8374 | 8817 | 9279 |
| Lion na n-amhrastach a bhain leis na comhaid sin | 11172 | 11974 | 12734 |



Tá cur síos sa chairt seo ar na comhaid a fuair an Roinn Treorúcháin agus a ndearna sí iad a dhiúscairt i 2011, 2012 agus 2013 (suas go dtí Meitheamh 2014). Cuireann an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta na comhaid faoi bhráid Roinn na nAturnaetha go díreach nó faoi bhráid aturnae stáit áitiúil le haghaidh treorach faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Déantar cinneadh mar seo a leanas, ag tabhairt tromchúiseacht an chiona agus an fhaisnéis atá sa chomhad i gcuntas:

**Ionchúiseamh ar bith:** Déantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Is de bharr ganntanas fianaise sa chuid is mó a dhéantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh Léiríonn na figiúirí, áfach, na cúiseanna go léir gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh.

**Ionchúiseamh ar Díotáil:** Déantar cinneadh dul ar aghaidh le hionchúiseamh sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Speisialta Choiriúil.

**Diúscairt Achomair:** Bíonn an cion le hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

**Faoi Bhreithniú:** Comhaid nach mbíonn cinneadh déanta maidir leo. Ar áireamh anseo tá na comhaid ina raibh gá le tuilleadh faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Is chun an cás a neartú a dhéantar tuilleadh faisnéise a lorg go hiondúil seachas de bharr aon locht a bheith ar an imscrúdú.

**NÓTA:** *Tá na figiúirí do 2011 agus 2012 tugtha suas chun data ó foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Léiríonn an laghdú ar líon na gcomhad atá 'Faoi Bhreithniú' i gcomparáid le blianta roimhe seo an dul chun cinn ata déanta maidir leis na comhaid sin ó shin. Ar áireamh sna 'hIonchúisimh ar Díotáil' tá na cásanna sin inar roghnaigh cosantóirí triail le giúiré agus cásanna inar dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse, d'ainneoin gur roghnaigh an Stiúrthóir diúscairt achomair ar dtús.*

## CAIRT 4: DIÚSCAIRT COMHAD AN ROINN TREORÚCHÁIN DE RÉIR LÍON DAOINE IS ÁBHAR DO NA COMHAID A FUARTHAS

| Treoir Déanta | 2013 | % | 2012 | % | 2011 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ionchúiseamh ar Bith | 4508 | 40% | 4791 | 40% | 4873 | 38% |
| Ionchúiseamh nó Indíotail | 3035 | 27% | 3470 | 29% | 3746 | 29% |
| Diúscairt Achomair | 3413 | 31% | 3695 | 31% | 4105 | 32% |
| **LÍON IOMLÁN COMHAD A DIÚSCRAÍODH** | **10956** | **98%** | **11956** | **100%** | **12724** | **100%** |
| Faoi Bhreithniú | 216 | 2% | 18 | 0% | 10 | 0% |
| **IOMLÁN** | **11172** | | **11974** | | **12734** | |

**2013**




**2012**




**2011**



Bíonn cúiseanna éagsúla ann, seachas na príomhchúiseanna a leagtar amach sa chairt seo gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i ndáil le comhad áirithe. Cúpla sampla de na cúiseanna seo ná, bás nó dul ar iarraidh an duine atá faoi amhras, bás nó dul ar iarraidh an ghearánaí nó diúltú an ghearánaí fianaise a thabhairt. Is é 'eile' an tagairt a úsáidtear ina leith seo sa chairt thíos.

## CAIRT 4A: CUR SÍOS AR NA PRÍOMHCHÚISEANNA AR THREOIR GAN DUINE ATÁ FAOI AMHRAS A IONCHÚISEAMH

| Príomhchúiseanna gan dul ar aghaidh | 2013 | % | 2012 | % | 2011 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ganntanas Fianaise | 3596 | 80% | 3758 | 78% | 3672 | 75% |
| Clár Athstiúrtha Óige | 53 | 1% | 73 | 2% | 80 | 2% |
| Leas an Phobail | 100 | 2% | 119 | 2% | 195 | 4% |
| Forais Simpiteacha | 5 | 0% | 1 | 0% | 21 | 0% |
| Tréimhse Ama Caite | 27 | 1% | 37 | 1% | 87 | 2% |
| Moill Mhíchuí | 43 | 1% | 39 | 1% | 30 | 1% |
| Tarraingíonn an Páirtí Díobhálaithe Siar an Gearán | 189 | 4% | 205 | 4% | 258 | 5% |
| Rabhadh Aosach | 107 | 2% | 138 | 3% | 31 | 1% |
| Eile | 388 | 9% | 421 | 9% | 499 | 10% |
| **IOMLÁN** | **4508** | | **4791** | | **4873** | |



I mí Deireadh Fómhair 2008, d'fhógair an Stiúrthóir athrú ar an bpolasaí maidir le cúiseanna a lua le cinneadh ionchúisimh sa chás go gcinntear gan ionchúiseamh a dhéanamh. Tugadh isteach an polasaí ar bhonn píolótach faoina dtugtar na cúiseanna le cinneadh nach ndéanfaí ionchúiseamh i gcás a raibh bás i gceist leis do mhuintir nó do theaghlach an íospartaigh ar iadsan sin a iarraidh. Go dtí gur tháinig an t-athrú sin ar an bpolasaí, thugtaí na cúiseanna le cinneadh nach ndéanfaí ionchúiseamh don Gharda Síochána nó don Aturnae Stáit ach ní luaití cúiseanna le haon duine den phobal. Tá an polasaí seo i bhfeidhm maidir le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, nó gan leanacht ar aghaidh le hionchúiseamh, i ndáil le cionta a bhfuil bás duine ag baint leo nuair a tharla an cion líomhnaithe ar an 22 Deireadh Fómhair 2008 nó tráth is deireanaí ná sin.

Tá 60 iarraidh ar iomlán faighte ó tugadh insteach an beartas. 66.7% díobh sin a bhain le timpistí bóthair inar maraíodh duine.

## CAIRT 4B: IARRATAIS GO LUAIFÍ CÚISEANNA A FUARTHAS IDIR DEIREADH FÓMHAIR 2008 AGUS MEITHEAMH 2014

| Deonaithe | Dhiúltaigh | Tarraingíodh siar | Ar Feitheamh | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|
| 51 | 4 | 1 | 4 | **60** |

Is briseadh síos atá i gCairt 4D de na treoracha a tugadh ionchúiseamh ar díotáil a dhéanamh, de réir an chontae ina ndearnadh an cion. Cuirtear san áireamh inti cásanna a treoiríodh a éisteacht sa Chúirt Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sna Cúirteanna Coiriúla Speisialta. Tabhair ar aird, go bhfuil líon cásanna ar cásanna iad 'atá á mbreithniú' (féach cairt 4). Áirítear anseo cásanna ina bhfuarthas comhad ach ina dteastaíonn breis faisnéise. Ní féidir a dhéanamh amach cé mhéad de na cásanna sin a bhféadfadh treoir d'ionchúiseamh ar díotáil a bheith mar thoradh orthu.

## CAIRT 4D: CUR SÍOS AN LÍON IONCHÚISEAMH AR DÍOTÁIL TREORAITHE DE RÉIR CONTAE AN CHIONA

| | | | | | | Ionchúiseamh ar Díotáil Treoraithe de Réir Contae an Chiona | | | | | Cássanna an 1,000 Dúinne | | | | | Meáin Rolta 3 Bliana | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Daonra 2012* | Daonra 2011 * | Daonra 2010 * | Daonra 2009 * | Daonra 2008 * | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 | 2010-2012 | 2009-2011 | 2008-2010 |
| **Ceatharlach** | 55,438 | 54,966 | 54,612 | 54,868 | 54,245 | 27 | 37 | 44 | 49 | 37 | 0.49 | 0.67 | 0.81 | 0.89 | 0.68 | 0.66 | 0.79 | 0.79 |
| **An Cabhán** | 72,431 | 72,616 | 73,183 | 68,420 | 68,598 | 49 | 29 | 40 | 45 | 42 | 0.68 | 0.40 | 0.55 | 0.66 | 0.54 | 0.54 | 0.53 | 0.58 |
| **An Clár** | 116,786 | 117,435 | 117,196 | 115,121 | 114,937 | 60 | 86 | 100 | 115 | 108 | 0.51 | 0.73 | 0.85 | 1.00 | 0.37 | 0.70 | 0.86 | 0.74 |
| **Corcaigh** | 523,770 | 520,333 | 519,032 | 502,193 | 502,116 | 370 | 333 | 402 | 392 | 443 | 0.71 | 0.64 | 0.77 | 0.78 | 0.22 | 0.71 | 0.73 | 0.59 |
| **Dún na nGall** | 159,482 | 159,888 | 161,137 | 157,427 | 157,836 | 55 | 58 | 59 | 98 | 72 | 0.34 | 0.36 | 0.37 | 0.62 | 2.81 | 0.36 | 0.45 | 1.27 |
| **Baile Átha Cliath** | 1,262,400 | 1,262,900 | 1,273,069 | 1,207,300 | 1,211,500 | 1243 | 1388 | 1573 | 1700 | 1749 | 0.98 | 1.10 | 1.24 | 1.41 | 0.06 | 1.11 | 1.25 | 0.90 |
| **Gaillimh** | 246,457 | 246,175 | 250,653 | 240,630 | 241,245 | 95 | 124 | 101 | 97 | 110 | 0.39 | 0.50 | 0.40 | 0.40 | 7.25 | 0.43 | 0.44 | 2.69 |
| **Ciarraí** | 146,830 | 145,867 | 145,502 | 145,907 | 145,884 | 83 | 115 | 130 | 93 | 111 | 0.57 | 0.79 | 0.89 | 0.64 | 0.75 | 0.75 | 0.77 | 0.76 |
| **Cill Dara** | 214,158 | 213,881 | 210,312 | 209,360 | 205,989 | 92 | 135 | 125 | 137 | 133 | 0.43 | 0.63 | 0.59 | 0.65 | 0.54 | 0.55 | 0.63 | 0.60 |
| **Cill Chainnigh** | 96,861 | 96,037 | 95,419 | 95,417 | 94,334 | 41 | 47 | 68 | 64 | 60 | 0.42 | 0.49 | 0.71 | 0.67 | 1.41 | 0.54 | 0.62 | 0.93 |
| **Laois** | 82,353 | 81,868 | 80,559 | 72,824 | 72,105 | 38 | 76 | 59 | 31 | 35 | 0.46 | 0.93 | 0.73 | 0.43 | 0.83 | 0.71 | 0.70 | 0.66 |
| **Liatroim** | 31,471 | 31,552 | 31,798 | 30,948 | 31,028 | 10 | 8 | 14 | 9 | 26 | 0.32 | 0.25 | 0.44 | 0.29 | 1.13 | 0.34 | 0.33 | 0.62 |
| **Luimneach** | 191,138 | 192,200 | 191,809 | 190,974 | 190,668 | 160 | 119 | 169 | 210 | 166 | 0.84 | 0.62 | 0.88 | 1.10 | 0.14 | 0.78 | 0.87 | 0.71 |
| **An Longford** | 39,869 | 39,634 | 39,000 | 37,348 | 36,979 | 27 | 41 | 43 | 68 | 28 | 0.68 | 1.03 | 1.10 | 1.82 | 4.49 | 0.94 | 1.32 | 2.47 |
| **Lú** | 121,634 | 121,944 | 122,897 | 118,946 | 119,255 | 65 | 121 | 103 | 101 | 75 | 0.53 | 0.99 | 0.84 | 0.85 | 0.23 | 0.79 | 0.89 | 0.64 |
| **Maigh Eo** | 128,451 | 128,304 | 130,638 | 128,629 | 128,958 | 73 | 92 | 74 | 85 | 95 | 0.57 | 0.72 | 0.57 | 0.66 | 0.58 | 0.62 | 0.65 | 0.60 |
| **An Mhí** | 187,503 | 187,260 | 184,135 | 182,952 | 180,006 | 70 | 63 | 83 | 86 | 64 | 0.37 | 0.34 | 0.45 | 0.47 | 0.53 | 0.39 | 0.42 | 0.48 |
